An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

## Tuarascáil Chomhairleach.

2022

# Clár an Ábhair

*An Réamhrá* *5*

**Forbhreathnú ar phróiseas an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach** **15**

Céimeanna agus foilseacháin 16

Cumarsáid 18

***Caibidil 1: Cuspóir, fís agus prionsabail*** ***21***

**Cuspóirí oideachas na sraithe sinsearaí** **21**

Fís d'oideachas na sraithe sinsearaí 22

Prionsabail threoracha 24

Eolas, scileanna, luachanna agus meonta 26

Teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú 31

***Caibidil 2: An fhís don tsraith shinsearach a bhaint amach*** ***33***

**Conairí agus Solúbthacht** **34**

Dul chun cinn foghlama don scoláire a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 sa tsraith shóisearach 37

An tsraith shinsearach athfhorbartha: an idirbhliain 38

An tsraith shinsearach chomhtháite 39

Conairí solúbtha 40

**Comhpháirteanna den churaclam** **41**

Athbhreithniú agus forbairt ar chomhpháirteanna den churaclam 46

Foghlaim don saol 47

**Measúnú, tuairisciú agus aistrithe** **48**

Measúnú 51

Gnóthachtáil an scoláire a aithint, a thuairisciú agus a theastasú 52

Aistrithe 53

***Caibidil 3: Coinníollacha fabhracha*** ***55***

***Caibidil 4: An tSraith Shinsearach a Athfhorbairt*** ***64***

Céim a haon den athfhorbairt: 66

Céim a dó den athfhorbairt: 67

Céim a trí den athfhorbairt: 68

**Conclúid** **69**

# Liosta Giorrúchán

| | |
|---|---|
| CAO | An Lár-Oifig Iontrála |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RBATNE | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| ESRI | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta |
| ICT | Institiúid na gComhairleoirí Treorach |
| CFL1 | Is clár é clár foghlama leibhéal 1 do ghrúpa an-sonrach scoláirí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama acu sna catagóirí ísealfheidhmiúil measartha agus géar agus trom. |
| CFL2 | Is clár é clár foghlama leibhéal 2 do ghrúpa an-sonrach scoláirí a bhfuil míchumais ghinearálta foghlama acu sna catagóirí ardfheidhmiúil measartha agus ísealfheidhmiúil éadrom. |
| AF | Clár dhá bhliain Ardteistiméireachta is ea an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, don scoláire a dteastaíonn uaidh clár ina bhfuil béim láidir ar obair phraiticiúil nó gairm a leanúint. |
| ATB | Is í an Ardteistiméireacht Bhunaithe an cúrsa ardteistiméireachta a dhéanann formhór na scoláirí sa tsraith shinsearach. |
| GCAT | Ceapadh Gairmchlár na hArdteistiméireachta chun gné láidir ghairme a chur leis an Ardteistiméireacht (bhunaithe) agus tugann roinnt scoláirí ATB faoi má chomhlíonann siad critéir ar leith. |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| LNTO | Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas |
| OECD | Is eagraíocht idir-rialtasach í an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ina bhfuil ballraíocht ag 36 tír agus a bunaíodh sa bhliain 1961, le dul chun cinn agus trádáil dhomhanda a spreagadh. |
| CSS | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| IB | Is bliain roghnach í an Idirbhliain is féidir a dhéanamh i ndiaidh na sraithe sóisearaí sula dtugtar faoin tsraith shinsearach |
| GG | An Ghairmoideachas agus an Ghairmoiliúint |

# An Réamhrá

Is minic gurb é an aidhm atá ag an oideachas ná an rud is tábhachtaí, is luachmhaire agus is mó a theastaíonn ó na glúnta atá le teacht a chaomhnú. Tá sé mar aidhm aige freisin é a chur ar chumas gach glúine a bheith in ann déileáil le hathrú agus lena dtarlóidh sa todhchaí. Teastaíonn comhoibriú agus plé leanúnach má táthar chun cothromaíocht a bhaint amach idir caomhnú agus athrú agus muid ag iarraidh ár dtodhchaí chomhroinnte a mhúnlú i dtreo cuspóir agus fís aontaithe. Sa chomhthéacs seo, ní tacar moltaí sonracha agus socraithe í an Tuarascáil Chomhairleach seo go baileach, ach plean agus cur chuige i leith athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Leagtar amach cuspóir, fís agus prionsabail shoiléire inti le haghaidh sraith shinsearach athfhorbartha, agus tugann sí achoimre ar thosaíochtaí, sraith oibre agus na chéad chéimeanna eile don phróiseas atá romhainn.

**Caomhnú agus athrú sa tsraith shinsearach**

Tá roinnt forbairtí tagtha ar an tsraith shinsearach le cúpla bliain anuas. Áirítear leo seo: taighde ar eispéireas an scoláire in oideachas na sraithe sinsearaí; forbairtí in ábhair agus cláir; réimse níos leithne comhpháirteanna dara measúnaithe in ábhair áirithe na hArdteistiméireachta á dtabhairt isteach; athruithe ar chóras grádaithe na hArdteistiméireachta; agus bealaí isteach atá comónta, níos leithne agus níos ionchuimsithí don scoláire agus don fhoghlaimeoir fásta atá ag iarraidh aistriú go cúrsaí ardoideachais. Rinneadh athbhreithniú ar ábhair agus modúil reatha agus tá ábhair nua, mar shampla, An Pholaitíocht agus an tSochaí, an Ríomheolaíocht agus Corpoideachas á dtabhairt isteach ar bhonn leanúnach.

Cé go raibh tionchair áirithe ag na forbairtí seo, feictear níos mó caomhnaithe ná athraithe i struchtúr na sraithe sinsearaí. Tharla na hathruithe is déanaí ar struchtúr churaclaim agus chláir na sraithe sinsearaí níos mó ná 20 bliain ó shin agus ó shin i leith, is iomaí athrú atá tagtha san fhoghlaim, i scoileanna, i gcórais oideachais, sa tsochaí i gcoitinne agus sa timpeallacht náisiúnta agus dhomhanda. Sa chomhthéacs seo, cuireadh deiseanna luachmhara ar fáil san athbhreithniú seo ar an tsraith shinsearach (2016–2020), a mbaintear leas as sa Tuarascáil Chomhairleach seo,

chun machnamh a dhéanamh ar ghnéithe d'oideachas na sraithe sinsearaí atá ann go fóill agus atá ag athrú.

Rinneadh na hathruithe is déanaí ar struchtúr na sraithe sinsearaí i lár na 1990idí. Rinneadh athbhreithniú ar go leor siollabas de chuid na hArdteistiméireachta agus éagsúlaíodh an curaclam chun an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (mar chlár malartach imfhálaithe) agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta (mar chlár Ardteistiméireachta le claonadh gairme) a chur san áireamh. Tháinig an Idirbhliain ina cuid de shraith shinsearach trí bliana roghnach go foirmiúil.

Sna blianta ó shin amach, tháinig athruithe eile sa churaclam i gcéimeanna luatha an oideachais. Tugadh creatchuraclam nua don oideachas luath-óige, *Aistear*, isteach in 2009. I láthair na huaire, táthar ag tabhairt faoi athbhreithniú agus athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile, a tugadh isteach in 1999. Ó bhí 2014 ann, tháinig athruithe ar an tsraith shóisearach agus tá an Creat don tSraith Shóisearach (2015) ag tabhairt réimse níos leithne comhpháirteanna den churaclam agus measúnuithe isteach chun foghlaim níos leithne a éascú. Cuirtear fócas athnuaite ar an bhfoghlaim sa Chreat i dtaca le folláine; soláthar feabhsaithe don scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige (Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2); agus foirm níos leithne tuairiscithe agus teastasaithe trí Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Leagadh athruithe neamhphleanáilte éigeandála san oideachas ar an tsochaí in 2020 agus arís in 2021 mar thoradh ar phaindéim dhomhanda Covid-19. Chuir dúnadh na scoileanna agus suíomhanna oideachais eile timpeall an domhain go mór le feasacht daoine ar thábhacht an oideachais i saol páistí agus daoine óga, agus ar ghairmiúlacht na ndaoine a bhíonn ag obair san earnáil seo. Tá meas athnuaite ag daoine anois mar thoradh air sin ar an ról ríthábhachtach a imríonn scoileanna i bhfolláine choiteann ár sochaithe. Ní fios go fóill cén éifeacht, agus cén tionchar b'fhéidir amach anseo, a bheidh ag paindéim Covid-19 ar go leor gnéithe den oideachas. Mar sin féin, rachfar i gcomhairle le taighde an lae inniu agus taighde amach anseo ar bhonn leanúnach ar éifeacht na paindéime chun bonn eolais a chur faoi athfhorbairt na sraithe sinsearaí sna blianta amach romhainn.

Mar fhreagairt eisceachtúil ar thacar cúinsí dúshlánacha agus gan fasach a tháinig aníos de bharr srianta Covid-19, bhí dhá athrú shuntasacha shealadacha ar chéim na sraithe sinsearaí den oideachas: cur siar na scrúduithe stáit in 2020 ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht; agus cruthú próisis ghráid ríofa agus ghráid chreidiúnaithe in 2020 agus 2021 mar bhealach chun gnóthachtáil an scoláire a aithint agus chun an córas roghnaithe atá ann inniu (córas na bpointí) le haghaidh iontráil chuig an ardoideachas a éascú. Ba cheart go leanfaí le rannpháirtíocht agus comhoibriú na bpáirtithe leasmhara a bheith ina mbunghnéithe den phróiseas ar aghaidh agus aghaidh á tabhairt ar an dúshlán seo agus ar réimse fadhbanna eile a tháinig chun cinn le linn na paindéime de réir mar a chuirtear clabhsúr leis an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach agus a chuirtear tús le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí.

**An tsochaí, an cultúr, an geilleagar agus an teicneolaíocht**

Taobh amuigh de scoileanna agus réimse an oideachais, is iomaí athrú atá tagtha i gcomhthéacs níos leithne na sochaí, an chultúir, an gheilleagair agus na teicneolaíochta. Bíonn fás na héagsúlachta, aitheantas don ilchultúrthacht, struchtúir theaghlaigh athraitheacha, éagothromas sóisialta agus gluaiseachtaí sóisialta taobh le hathruithe ar an teicneolaíocht agus dúshláin maidir le sláinte an phobail atá ag dul i bhfeidhm go mór ar ár saol pearsanta, sóisialta agus oibre, ar bhealach atá níos sáraithí agus níos doimhne ná riamh, b'fhéidir.

Bíonn tionchar ag na hathruithe móra seo ar ár sochaí sna seomraí ranga, inár scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile. Glacann an t-oideachas agus an fhoghlaim ról fíorthábhachtach inár sochaí agus breathnaíonn go leor daoine ar an oideachas mar shuíomh tábhachtach chun ciall a bhaint amach, seasmhacht a fháil agus comhtháthú sóisialta a chothú. Seans go mbreathnaíonn daoine ar an oideachas freisin mar fhoinse de smaointeoireacht nuálach agus muid ag tabhairt aghaidh ar thodhchaí neamhchinnte a d'fhéadfadh a bheith sách difriúil do ghlúnta inár ndiaidh.

Bíonn tionchar ag feiniméin níos leithne freisin ar shaol daoine óga ag an gcéim seo dá n-oideachas. Ina measc seo, tá féidearthachtaí agus éifeachtaí méadaitheacha an domhandaithe agus feasacht atá ag fás maidir leis an ngá le geilleagair a chruthú atá níos inbhuanaithe agus níos córa agus atá oiriúnach don lá inniu, gan cur as do riachtanais na nglúnta atá le teacht agus riachtanais an domhain nádúrtha. Tá fócas ar shláinte agus folláine an duine a chosaint agus a

fheabhsú agus ar chur i gcoinne an bhréageolais le feiceáil níos mó agus níos mó in go leor sochaithe agus pobail dhaonlathacha ar fud an domhain agus bíonn forbairtí, ailínithe agus tionchair gheopholaitiúla ann i gcónaí taobh thiar dár gcórais oideachais a mbíonn tionchar ag cuid acu go díreach nó go hindíreach ar an oideachas féin.

**Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach**

Tharla an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach laistigh den chomhthéacs ginearálta seo. Mar a achoimrítear sna tuairiscí éagsúla i gCaibidil 1, bhreathnaigh an t-athbhreithniú ar gach gné den tsraith shinsearach reatha chun:

- dul siar ar fhís, aidhmeanna agus cuspóirí na céime seo den oideachas gan dearmad a dhéanamh ar chomhthéacs atá ag athrú
- tosú ag cuimhneamh ar thionchar, láidreachtaí agus laigí gach ceann de chláir reatha na sraithe sinsearaí
- fiosrú a dhéanamh ar an ról a fhéadfaidh agus ba cheart do réimse comhpháirteanna den churaclam a ghlacadh sa tsraith shinsearach
- breathnú ar na conairí foghlama solúbtha, ionchuimsitheacha agus éagsúla (agus nasc acu le forbairtí sa bhreisoideachas, tréimhsí oiliúna agus printíseachtaí) a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun a chinntiú gur féidir le gach scoláire taitneamh, fiúntas agus úsáid a bhaint as oideachas na sraithe sinsearaí
- cuimhneamh ar aon leathnú breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón gcur chuige i leith measúnaithe, agus scrúdú a dhéanamh ar a bhféadfadh bealaí níos saibhre agus níos leithne tuairiscithe agus teastasaithe a chur ar fáil
- cuimhneamh ar ar cheart agus a bhféadfaí a thabhairt ar aghaidh ó fhorbairtí sa tsraith shóisearach
- cuimhneamh ar na bealaí a bhféadfadh athruithe ar shocruithe don scoláire agus é ag aistriú go dtí na chéad chéimeanna eile den saol, den oideachas agus den obair a mhionathrú agus a dheisiú chun freastal níos fearr ar a chuid riachtanas

- fiosrú a dhéanamh ar cheisteanna níos leithne, mar shampla an chothromaíocht cheart atá le baint amach idir neamhspleáchas sa scoil agus an treoir sa churaclam mar a chuirtear ar fáil sa tsraith shinsearach
- fiosrú a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le suíomhanna foghlama a éagsúlú sa tsraith shinsearach

Chonacthas go soiléir i bhfreagraí na rannpháirtithe agus na bpáirtithe leasmhara san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir caomhnú agus athrú agus muid ag múnlú ár dtodhchaí, go háirithe sa phlé ar chuspóir, fís agus prionsabail. Díríodh isteach i gcuid mhaith den phlé ar ar cheart leanúint leis, agus ar a dtabharfadh an leanúnachas ceart don scoláire ina chuid foghlama, chomh maith leis na hathruithe a bhí ag teastáil. Mar shampla, ba bheag an tacaíocht a bhí ag scoileanna agus scoláirí maidir le sraith shinsearach dhá bhliain nó trí bliana a thabhairt isteach, agus b'fhearr leo solúbthacht ina leith seo. Aithníodh gur cheart leanúint le scrúduithe na hArdteistiméireachta, a shocraíonn agus a riarann Coimisiún na Scrúduithe Stáit, a bheith mar chuid de shocruithe measúnaithe óir tá muinín agus tacaíocht fhorleathan ag an bpobal iontu. Glacadh leis, cé go raibh drogall ar roinnt daoine ina leith, go mb'fhéidir go gcaithfí leanúint leis an ról a ghlacann measúnuithe sa tsraith shinsearach mar bhunús d'iontráil san ardoideachas trí chóras CAO na bpointí i bhfoirm éigin, ach go gcuirfidh aon athbhreithniú agus athruithe ar chóras an CAO ar a laghad forbairtí nua agus conairí foghlama solúbtha sa tsraith shinsearach athfhorbartha san áireamh.

Sna comhthéacsanna seo, tugann gnéithe d'oideachas na sraithe sinsearaí bunús d'fhorbairtí nua agus forbairtí a d'fhéadfadh a bheith suntasach sa chéim seo den oideachas. Mar shampla, d'fhéadfadh córas CAO athbhreithnithe aitheantas a thabhairt do réimse níos leithne conairí foghlama; d'fhéadadh líon deisithe comhpháirteanna a bheadh ualaithe mar is cóir in ábhair measúnú a leathnú ar bhealaí suntasacha. D'fhéadfadh na forbairtí seo cúiseanna imní an scoláire agus na sochaí a laghdú, mar go bhfuil a oiread sin tábhachta ag baint le cúpla seachtain de scrúduithe ag deireadh na sraithe sinsearaí mar a sheasann rudaí.

Ba é an rud is mó a bhí ag teastáil ó rannpháirtithe agus páirtithe leasmhara thar rud ar bith eile ná curaclam a bheadh fiúntach, ábhartha, taitneamhach agus úsáideach do gach scoláire.

D'aithin siad go bhfuil dlúthbhaint ag roinnt na maoine agus ag deiseanna saoil sa tsochaí faoi láthair le rochtain ar agus rannpháirtíocht i ngach céim den oideachas agus le torthaí gach céim den oideachas, an chéim dheiridh seo den oideachas iar-bhunscoile ina measc. Ba é an tuairim a bhí ag daoine ná go bhfreastalódh conairí foghlama níos solúbtha sa tsraith shinsearach níos fearr ar an gcéad ghlúin eile de scoláirí, a mbeidh an fhoghlaim mar ghné leanúnach dá saol fásta agus oibre. Chuirfeadh a leithéid sin de chonaire ar chumas an scoláire fáil amach a bhfuil ag teastáil uaidh de réir mar a chuireann sé lena láidreachtaí ar bhealaí a bhfónfaidh go maith dó le linn na sraithe sinsearaí agus sa todhchaí araon. Thabharfadh conairí solúbtha an deis dó freisin a threoir féin a fhorbairt ina chuid foghlama agus ar deireadh thiar a bheith ina threoraí féin le tacaíocht ó na daoine fásta ina thimpeall.

Is é an mhian chomhroinnte atá ann dár ndaoine óga ar fad agus dóibh siúd atá ag filleadh ar an oideachas ná go dtiocfaidh siad amach ón tsraith shinsearach lena bhfuil ag teastáil uathu don saol fásta; go rachaidh siad i ngleic le réimse leathan oideolaíochtaí; agus go gcuirfidh siad lena gcuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta. Go deimhin, má táthar chun obair a dhéanamh chun an cineál seo físe d'oideachas na sraithe sinsearaí a bhaint amach, is iomaí gné dá ndéanaimid faoi láthair agus dá bhféadfaimis a dhéanamh a gcaithfear athbhreithniú, athmheasúnú agus athfhorbairt bhreise a dhéanamh uirthi. Tá na gníomhartha agus na chéad chéimeanna eile a bhaineann leo siúd leagtha amach i gCaibidil 2 agus 4.

Nuair a tosaíodh amach ar an athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, bhí feasacht ann maidir leis na dúshláin ollmhóra a bhain le comhairle nó clár a leagan amach le haghaidh athfhorbairt céim den oideachas atá chomh sainiúil d'eispéireas an oideachais, an chultúir agus na sochaí in Éirinn leis an tsraith shinsearach agus an Ardteistiméireacht. Cuireadh go leor béime ar bhealaí a fháil chun a chinntiú go mbainfí amach fís chomhroinnte den chéim seo den oideachas, tuairim choiteann agus tacaíocht d'athruithe a d'fhéadfadh a bheith le déanamh agus clár aontaithe ar thosaíochtaí agus ar mhéid agus raon forbairtí le tarlú. Measadh go raibh sé tábhachtach an aird chéanna a thabhairt ar an mbealach a ndéanfaí an t-athbhreithniú agus aon obair ina dhiaidh leis na torthaí ar leith a d'fhéadfadh a bheith ann agus clár á dhearadh d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí a roinnfeadh na páirtithe leasmhara agus a mbeadh muinín acu ann agus a bhféadfaí

brath air chun an bunús a thabhairt do ghníomhaíocht a fhreastalaíonn go maith ar riachtanais gach foghlaimeora sa tsraith shinsearach sna blianta amach romhainn.

I bhfocail eile, d'fhéadfadh an bealach a ndéanaimid rudaí a bheith chomh tábhachtach céanna leis an méid a mholtar go ndéanfaí. Is é is aidhm leis an gcéad chéim eile d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí ná cur leis an athbhreithniú agus cur chuige a chur i bhfeidhm ar an tsraith shinsearach atá cosúil leis ina mbeidh réimse leathan taighde, plé, comhairliúchán, tuarascálacha agus cumarsáide le páirtithe leasmhara ar gach gné den athbhreithniú agus den athfhorbairt.

**Achoimre ar chaibidlí na tuarascála seo**

Tá cuid fhairsing i gCaibidil 1 ar *Chuspóir, fís agus prionsabail*. Is gné lárnach den chur chuige a mholtar i leith athfhorbairt na sraithe sinsearaí í an chaibidil seo. Cuirfidh an fhís chomhroinnte don tsraith shinsearach a gcuirtear síos uirthi sa chaibidil seo an bonn faoin obair a bheidh mar threoir agus obair bhreise á déanamh ar fhorbairtí áirithe. Is fíorthábhachtach an comhaontú ar an gcuspóir, fís agus prionsabail a achoimrítear sa chaibidil seo chun dul chun cinn a dhéanamh ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Déantar achoimre ar thorthaí an athbhreithnithe chun aird a tharraingt ar an nasc idir torthaí an athbhreithnithe agus an cuspóir, an fhís agus na prionsabail threoracha atá mar bhunchloch d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus atá mar bhonn faoin gcéad chuid den fhorbairt incriminteach ar Chreat don tSraith Shinsearach.

Tugtar *An fhís don tsraith shinsearach a bhaint amach* ar Chaibidil 2 agus leagann sí amach réimse oibre agus forbartha breise a dtabharfaidh CNCM fúithi i gcomhar le páirtithe leasmhara i dtrí phríomhghné den tsraith shinsearach:

- ***conairí agus solúbthacht*** ba cheart a bheith ar fáil do scoileanna, do shuíomhanna oideachais eile agus don scoláire chun freastal ar riachtanais gach foghlaimeora
- ***comhpháirteanna den churaclam*** (ábhair agus modúil) is féidir a chur le chéile chun conairí éagsúla agus ciallmhara a chruthú agus chun solúbthacht a sholáthar
- ***measúnú, tuairisciú agus aistrithe*** atá oiriúnach agus iad ailínithe leis na conairí éagsúla, an tsolúbthacht agus na comhpháirteanna den churaclam a mheastar agus a fhéadfaidh

tacú le haistriú socair agus éifeachtach ón tsraith shinsearach go dtí an saol fásta, an breisoideachas agus an t-ardoideachas, agus saol na hoibre.

Cuirtear síos ar *Choinníollacha fabhracha* i gCaibidil 3. Léirítear an chothromaíocht atá ag teastáil idir an *céard* agus an *conas* in athfhorbairt na sraithe sinsearaí is fearr sa chaibidil seo. Moltar inti go bhfuil sé bunriachtanach aird a tharraingt ar bhunchoinníollacha fabhracha chun an fhís agus an cuspóir comhroinnte don tsraith shinsearach athfhorbartha mar a leagadh amach i gCaibidil 1 a bhaint amach. Áirítear sna coinníollacha fabhracha seo: cuspóir, fís agus prionsabail chomhroinnte; úsáid leantach taighde, sonraí agus faisnéise; fócas láidir ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, pleanáil agus comhoibriú ar fud réimse leathan scoileanna agus eagraíochtaí; cumarsáid éifeachtach; acmhainní a dhaingniú; tráthúlacht agus luas tomhaiste athraithe; soláthar tacaíochta agus foghlama gairmiúla feabhsaithe; agus ailíniú beartas comhlántach.

Mar bhonn faoin bhfócas ar choinníollacha fabhracha, tá an tuairim nach féidir le réimse atá chomh bunúsach agus chomh dúshlánach le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí tarlú ach trí ghníomhaíocht chomhbheartaithe agus rannpháirtíocht choiteann pháirtithe leasmhara an chórais oideachais, agus caithfidh go mbeidh baint leantach acu agus smaointe á gcruthú agus acmhainn á forbairt le haghaidh athraithe. Beidh comhoibriú fiúntach le réimse comhpháirtithe bunriachtanach. Beidh sé riachtanach cur le comhpháirtíochtaí reatha agus cinn nua a fhorbairt.

Leagtar plean amach i gCaibidil 4 chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt i dtrí chéim a mbeidh cuspóirí cosúla iontu agus a chuirfidh lena chéile. Díreoidh obair athfhorbartha ar an tsraith shinsearach a fheabhsú do ghlúnta scoláirí amach anseo. Déanfaidh Céim a hAon den athfhorbairt an curaclam agus na socruithe measúnaithe is oiriúnaí don tsraith shinsearach athfhorbartha a shainaithint. Déanfaidh Céim a Dó conairí tríd an tsraith shinsearach athfhorbartha a shainaithint agus a fhorbairt. Cuirfidh Céim a Trí le hobair na gcéimeanna roimhe agus foilseofar Creat don tSraith Shinsearach i ndiaidh na céime seo. Leanfaidh páirtithe leasmhara agus scoileanna de bheith lárnach tríd an bpróiseas seo ar fad.

**Cur chuige i leith athfhorbairt na sraithe sinsearaí:**

Mar atá le feiceáil ó shraith agus ábhar chaibidlí na Tuarascála Comhairlí seo, moltar cur chuige i leith athfhorbairt na sraithe sinsearaí inti le cuspóir, fís agus prionsabail shoiléire mar sprioc aici agus le hachoimre déanta inti ar thosaíochtaí, an tsraith oibre agus na chéad chéimeanna eile. Is plean í le haghaidh athfhorbartha ar fud gnéithe áirithe den tsraith shinsearach seachas moltaí i réimsí ar leith iad féin. Forbrófar agus míneofar creat ina gcuirfear síos ar an tsraith shinsearach athfhorbartha ina hiomláine céim ar chéim. I láthair na huaire, áfach, caithfear tabhairt faoi obair, taighde, iniúchadh, tástáil agus comhairliúchán breise ar ghnéithe éagsúla den athfhorbairt.

Táimid ag súil lena lán ón tsraith shinsearach agus ón Ardteistiméireacht mar chéim den oideachas a dhéanann na nithe seo a leanas:

- freastalaíonn sí ar gach scoláire ar bhealach cothrom
- cabhraíonn sí le gach scoláire sa tsraith shinsearach a bheith níos neamhspleáiche agus a bheith ina dhuine níos iomláine é féin, le tuairimí agus dearcthaí ar a shaol agus ar an tsochaí
- tá sí ina foinse chosantach d'fholláine phearsanta agus shóisialta don scoláire
- tá sí mar bhonn faoin gcineál foghlama agus teagaisc atáimid ag iarraidh a fheiceáil i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus chun forbairt bhreise a dhéanamh ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a chabhraíonn le daoine óga atá ag teacht amach as an scoil, agus leo siúd atá ag filleadh ar an oideachas, déileáil le dúshláin an tsaoil fhásta
- cuireann sí ar chumas daoine óga a bheith rannpháirteach ar bhealach fiúntach sa tsochaí, ag múnlú na sochaí do na blianta amach romhainn agus ag cur le margadh an tsaothair agus leis an ngeilleagar
- tá sí mar bhonn don scoláire chun aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus saol na hoibre
- cabhraíonn sí lenár ndaoine óga agus iad ag tosú amach mar dhaoine fásta i ndomhan ina mbíonn éifeachtaí an-áitiúil agus pearsanta ag dúshláin dhomhanda amhail an


inbhuanaitheacht agus an t-athrú aeráide; forbairtí sa teicneolaíocht; treochtaí sóisialta agus eacnamaíocha; agus ceisteanna maidir leis an tsláinte phoiblí. Teastaíonn réiteach fadhbanna trasghlúine, seiftiúlacht choiteann agus spreagadh má táthar chun dul i ngleic go fiúntach agus go héifeachtach le dúshláin dá leithéid seo.

Cé gur mór an dúshlán d’aon chéim den oideachas ná róil seo ar fad a chomhlíonadh, is é seo a bhfuiltear ag súil leis in athfhorbairt na sraithe sinsearaí.

Le go mbeidh an tsraith shinsearach athfhorbartha in ann cabhrú le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile aghaidh a thabhairt ar na cineálacha éileamh agus dúshlán atá le feiceáil níos mó agus níos mó i saol an lae inniu, caithfidh go mbeidh níos mó inti ná meicníocht sórtála amháin do dhaoine a rachaidh ar aghaidh go dtí an t-ardoideachas, an breisoideachas agus isteach díreach sa lucht saothair. Caithfidh go bhfreastalódh sí níos fearr ar an scoláire a bhaineann a chuspóirí amach ar gach ceann de na conairí foghlama seo, agus lena linn sin go rachaidh sí chun leas gach scoláire ar bhealach níos cothroime. Caithfidh go gcabhróidh sí le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus iad ag leanúint lena ról mar ionaid a bhfuil sé mar sprioc acu cultúr foghlama, fáis agus oideachais a bhaint amach, áit a dtugtar aire don scoláire, don mhúinteoir agus do phobal iomlán na scoile agus a mbeidh gach scoláire in ann foghlaim agus gnóthachtáil fhiúntach a bhaint amach.

## Forbhreathnú ar phróiseas an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach

Do léitheoirí nach bhfuil cur amach acu ar phróiseas an athbhreithnithe, tugtar eolas cúlra sa chuid eile den chaibidil seo ar an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar oideachas na sraithe sinsearaí. Tugtar sonraí faoi chéimeanna agus amlíne an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach sa ghrafaic thíos.




*Fíor 1: Athbhreithniú agus athfhorbairt ar an tsraith shinsearach*

## CÉIMEANNA AGUS FOILSEACHÁIN

Chuimsigh gach céim réimse foilseachán, a dtugtar achoimre orthu agus a gcuirtear nasc leo thíos.

### Céim 1: An scóip a mheas agus taighde idirnáisiúnta (2016/2017)

Deimhníodh na réimsí le fiosrú san athbhreithniú. Rinneadh taighde san oideachas dara leibhéal uachtarach i naoi ndlínse agus foilsíodh tuarascáil a tháinig chun cinn ón staidéar comparáideach seo.

**Léigh tuilleadh:** *Upper Secondary Education in Nine Jurisdictions Overview Report* (CNCM, 2018).

Cuireadh tuarascálacha taighde ar an Idirbhliain agus ar chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí i gcrích. Chuathas i gcomhairle le réimse leathan taighde i gcaitheamh phróiseas an athbhreithnithe ar fad.

Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara, le forbróirí curaclaim agus le comhairleoirí beartas oideachais in Éirinn, sa Bhreatain Bheag, san Ísiltír agus in OECD maidir leis an bpróiseas chun an t-athbhreithniú a dhéanamh.

**Féach ar thuilleadh:** Cur i láthair Jan Van Den Akker 2018 ar chuir chuige agus eispéiris i leith athbhreithniú curaclaim san Ísiltír.

Cur i láthair Beatrice Pont (OECD) 2018 ar oideachas agus ar athrú san oideachas ar fud réimse tíortha, Éire ina measc.

### Céim 2: Athbhreithniú scoile agus sraith seimineár náisiúnta (2018/2019)

Ghlac múinteoirí, scoláirí agus tuismitheoirí ó shampla ionadaíoch de 41 scoil ar fud na tíre páirt in athbhreithniú ar chuspóirí, conairí agus cláir reatha na sraithe sinsearaí. Rinne ESRI an t-aiseolas ón athbhreithniú seo a anailísiú agus rinne sí tuarascáil air.

**Léigh tuilleadh:** *Student, Teacher and Parent perspectives on senior cycle education* (ESRI, 2019).

Bhí an t-ábhar ar fad don athbhreithniú ar fáil ar líne. Ghlac naoi scoil bhreise páirt ag úsáid tacaíochtaí ar líne agus cuireadh a n-aighneachtaí san áireamh sa tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí.

Phléigh múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara aiseolas a tháinig chun cinn ón athbhreithniú i sraith seimineár náisiúnta i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Baile Átha Luain, Sligeach agus Port Láirge.

**Léigh tuilleadh:** Achoimre ar aiseolas ón tsraith Seimineár Náisiúnta (CNCM, 2019).

Rinneadh anailísiú ansin ar an aiseolas ón athbhreithniú go dtí sin agus sainaithníodh téamaí a tháinig chun cinn agus réimsí le haghaidh fiosrú breise. Cuireadh tuarascáil eatramhach le chéile chun bonn eolais a chur faoin gcomhairliúchán poiblí.

**Léigh tuilleadh:** Tuarascáil eatramhach ar an athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí (CNCM, 2019).

Rinne comhairleoirí beartas oideachais OECD measúnú ar phróiseas an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach.

**Léigh tuilleadh:** Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach in Éirinn: Measúnú OECD (OECD, 2020).

## Céim 3: Comhairliúchán poiblí agus tuarascáil chomhairleach (2019/2020)

Cuireadh cáipéis chomhairliúcháin le chéile, ina ndearnadh achoimre ar réimsí le haghaidh fiosrú breise a tháinig chun cinn ón athbhreithniú chun bonn eolais a chur faoin gcomhairliúchán poiblí.

Áiríodh sa chomhairliúchán 4,300 freagra ar an suirbhé comhairliúcháin ar líne; 12 fhócasghrúpa; 21 cruinniú déthaobhach; fóram comhairliúcháin agus réimse leathan aighneachtaí scríofa. Rinneadh anailísiú orthu agus cuireadh le chéile isteach i dtuarascáil chomhairliúcháin iad.

**Léigh tuilleadh:** Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Chomhairliúcháin (CNCM, 2019).

Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairliúcháin (CNCM, 2019).

Cuireadh tuarascáil chomhairleach ar an tsraith shinsearach le chéile.

**Léigh tuilleadh:** Tuarascáil chomhairleach ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2021). Is í seo an cháipéis atá tú a léamh.

## CUMARSÁID

Tugadh tosaíocht do chumarsáid agus comhairliúchán le scoileanna agus páirtithe leasmhara tríd an bpróiseas seo ar fad. Áiríodh leis seo gach ábhar athbhreithnithe a chur ar fáil ar NCCA.ie tríd an athbhreithniú ar fad agus sraith feasachán uasdátaithe a chruthú a roinneadh ar líne agus a postáladh chuig scoileanna agus chuig réimse leathan páirtithe leasmhara.

**Léigh tuilleadh**: Feasachán 1: Céard é cuspóir oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn?

Feasachán 2: Conairí agus solúbthacht sa tSraith Shinsearach

Feasachán 3: Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Comhairliúchán Poiblí

**Feasacháin na Sraithe Sinsearaí**











| | | |
|---|---|---|
| Céard é cuspóir oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn? | Conairí agus solúbthacht | Comhairliúchán Poiblí |

*Fíor 2: Feasacháin Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach*

Tharraing CNCM agus grúpaí páirtithe leasmhara aird ar an athbhreithniú ag céimeanna éagsúla le linn an phróisis, trí chomhráite le múinteoirí, tuismitheoirí agus 2,500 scoláire mar chuid den athbhreithniú scoile. Cuireadh le feasacht agus rannpháirtíocht san athbhreithniú freisin tríd an tsraith seimineár náisiúnta i seacht suíomh, dhá imeacht comhairliúcháin i bPáirc an Chrócaigh;

21 cruinniú déthaobhach agus 12 chruinniú fócasghrúpa ar fud na tíre á reáchtáil ag CNCM agus á gcomhreáchtáil ag páirtithe leasmhara. D'úsáid CNCM agus páirtithe leasmhara réimse uirlisí digiteacha chun cumarsáid a dhéanamh le scoileanna agus leis an bpobal, lena n-áirítear na meáin shóisialta agus suirbhé ar líne a fuair 4,300 freagra. Fuarthas 48 aighneacht scríofa san iomlán thar ceann eagraíochtaí (ar fáil anseo), le 38 aighneacht bhreise thar ceann daoine aonair agus 191 aighneacht ó mhic léinn tríú leibhéal. Cuirtear scóip an chomhoibrithe agus na rannpháirtíochta san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach i láthair go físiúil thíos.




*Fíor 3: Comhoibriú agus rannpháirtíocht san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach*

# Caibidil 1: Cuspóir, fís agus prionsabail

Sainaithnítear sa chaibidil seo cuspóir na sraithe sinsearaí agus tugtar léargas inti ar fhís don tsraith shinsearach athfhorbartha. Leagtar amach inti prionsabail threoracha ar féidir le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile úsáid a bhaint astu agus iad ag pleanáil agus ag dearadh a soláthair don tsraith shinsearach sa tsraith shinsearach athfhorbartha. Meastar go n-úsáidfidh páirtithe leasmhara agus comhpháirtíochtaí ar fud gníomhaireachtaí, lena n-áirítear meithleacha forbartha CNCM, na prionsabail threoracha seo mar chaighdeán agus iad ag obair chun tacú le hathfhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí sna blianta amach romhainn. Déantar achoimre i gCaibidil 1 freisin ar thábhacht fhorbairt chomhtháite eolais, scileanna, luachanna agus meonta sa teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú, ag cur le forbairt an scoláire ina chuid oideachais agus foghlama go dtí seo. Cuireann an chaibidil seo an bonn faoi fhorbairt an chéad chuid de Chreat don tSraith Shinsearach sna blianta amach romhainn.

## Cuspóirí oideachas na sraithe sinsearaí

Caitheadh go leor ama san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ar fhiosrú a dhéanamh ar cheisteanna fealsúnachta a bhaineann le cuspóir an oideachais go ginearálta, go háirithe cuspóir oideachas na sraithe sinsearaí.

Go bunúsach, is iad seo a leanas aidhmeanna oideachas na sraithe sinsearaí:

- leanúint le hoideachas a chur ar an duine ina iomláine
- cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite
- freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne.
- cabhrú leis an scoláire deiseanna éagsúla a fháil amach anseo ach bonn láidir a chur faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas,

printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht; agus rannpháirtíocht sa tsochaí shibhialta agus sa saol fásta.

## FÍS D'OIDEACHAS NA SRAITHE SINSEARAÍ

Déanfar athfhorbairt ar oideachas na sraithe sinsearaí sna blianta amach romhainn chun cur leis an bhfís seo a leanas a bhaint amach.

Cothaíonn oideachas na sraithe sinsearaí an fhoghlaim agus cuireann sé le rath an duine. Aithníonn sé an duine ina iomláine, ag cur le fás agus aibíocht an scoláire, lena fhorbairt intleachtúil, shóisialta agus phearsanta agus lena shláinte agus fholláine go ginearálta.

Leantar le heolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire a fhorbairt ar bhealach comhtháite le linn a thréimhse sa tsraith shinsearach. Tugtar solúbthacht sa tsraith shinsearach conairí éagsúla a chruthú tríd an tsraith shinsearach, i scoileanna, suíomhanna oideachais, agus suíomhanna foghlama eile, ag cur deiseanna ar fáil d'fhoghlaim leathan agus níos mó speisialtóireachta.

Le linn na sraithe sinsearaí, tugtar tacaíocht do scoláirí agus iad ag leanúint conairí foghlama éagsúla, ag glacadh níos mó agus níos mó freagrachta as a gcuid foghlama féin agus ag iarraidh roghanna stuama eolacha a dhéanamh a fhreastalóidh go maith orthu sa saol fásta agus a éascóidh rochtain ar réimse deiseanna amach anseo.

Tá deis ag gach scoláire a bheith rannpháirteach i scoileanna, pobail agus sa tsochaí de réir mar a ghlacann siad róil aonair agus choiteanna chucu féin sa tsochaí shaoránaigh agus sa gheilleagar agus todhchaí inbhuanaithe á lorg do gach duine.

Agus léargas á thabhairt ar fhís don tsraith shinsearach athfhorbartha, aithnítear go bhfuil an chéim seo den oideachas sách difriúil ón oideachas luath-óige agus bunscoile, agus ón tsraith shóisearach. Déanann scoláirí sa tsraith shinsearach roghanna a léiríonn an tuiscint athraitheach atá acu ar a nádúr féin agus iad ag druidim leis an aosacht agus ag tosú á ndíriú féin i dtreo an tsaoil i ndiaidh na scoile. Bunaítear caidreamh le múinteoirí ar bhonn níos aibí agus foghlaimíonn an scoláire i dtimpeallachtaí ina n-aithnítear go bhfuil níos mó neamhspleáchais

aige. Mar sin, bíonn an tsolúbthacht an-tábhachtach agus daoine óga ag iarraidh roghanna fiúntacha a dhéanamh faoina saol agus faoina bhfuil i ndán dóibh amach anseo.

Cabhróidh na nithe seo a leanas agus an fhís d'oideachas na sraithe sinsearaí athfhorbartha á baint amach:

- prionsabail threoracha ar féidir le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile úsáid a bhaint astu agus iad ag pleanáil agus ag dearadh soláthair don tsraith shinsearach
- cur chuige comhtháite chun forbairt bhreise a dhéanamh ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta a dhéanann an scoláire níos rannpháirtí, níos saibhrithe agus níos inniúla mar fhoghlaimeoir agus mar dhuine.
- cur chuige i leith teagaisc, foghlama, measúnaithe agus tuairiscithe a thacaíonn le forbairt iomlánaíoch an scoláire agus a chabhraíonn leis deiseanna éagsúla a fháil amach anseo.
- athbhreithniú ar shocruithe teastasaithe agus aistrithe ón tsraith shinsearach chun tacú le gach scoláire agus é ag aistriú ón tsraith shinsearach go dtí an saol i ndiaidh na scoile.

## PRIONSABAIL THREORACHA

Leagtar amach sa chuid seo torthaí an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach a bhaineann leis an gceist faoin ngné is tábhachtaí sa tsraith shinsearach, agus ina dhiaidh sin tá ocht bprionsabal threoracha a thagann chun cinn ó na torthaí seo.

**Torthaí an athbhreithnithe: céard atá tábhachtach dúinn sa tsraith shinsearach**

Ba cheart go rachadh an scoláire i ngleic leis an gcuraclam i gcomhthéacsanna a chuireann le caidreamh aibí a chruthú, cultúir scoile a chothú, agus le folláine choiteann. Forbraíonn an scoláire go leor scileanna, luachanna agus meonta trína chaidreamh agus trína eispéiris ar fad san oideachas agus ina shaol níos leithne. Tá na gnéithe seo tábhachtach dá chuid foghlama, folláine agus don tuiscint atá aige ar a nádúr féin.

Caithfidh go gcothófaí agus go mbeadh tábhacht le hoideachas ionchuimsitheach i gcuraclam na sraithe sinsearaí agus go gcuirfeadh sé ar chumas gach scoláire foghlaim a dhéanamh. Caithfidh sé buanna agus inniúlachtaí uile a aithint agus a dheimhniú agus freastal ar riachtanais foghlama gach scoláire. Caithfidh sé tacú leis an scoláire a intinn a úsáid go maith agus a bheith oscailte d’eispéiris agus féidearthachtaí foghlama nua agus níos doimhne. Caithfidh sé forbairt bhreise a dhéanamh ar bhonn láidir agus comhtháite eolais, scileanna, luachanna agus meonta. Caithfidh sé tábhacht a chur le agus díriú ar dhúshláin agus rannpháirtíocht; smaointeoireacht ardoird, chriticiúil agus chruthaitheach; agus forbairt phearsanta agus idirphearsanta, lena n-áirítear foghlaim fhéinstiúrtha agus neamhspleách, agus machnamh ar fhoghlaim. Caithfidh sé bonn maith a leagan amach don saol agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

Caithfidh go mbeadh curaclam na sraithe sinsearaí solúbtha chun fiosrú ar fhéidearthachtaí agus níos mó speisialtóireachta a éascú agus caithfidh go mbeadh tábhacht freisin le héagsúlacht na n-eispéireas foghlama agus na gconairí a leanann scoláirí le linn na sraithe sinsearaí agus ina diaidh. Caithfidh go mbeadh nasc idir an tsraith shinsearach agus an fhoghlaim roimhe, an saol ina diaidh agus timpeallachtaí foghlama eile má táthar chun foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a leathnú. Caithfidh go dtuigfeadh an scoláire go bhfuil brí léi agus go bhfuil nasc idir í agus a shaol, a phobal, an tsochaí shaoránaigh agus an domhan idircheangailte níos leithne, agus go dtacódh sí leis an aistriú go deiseanna éagsúla amach anseo.

**Sa tsraith shinsearach athfhorbartha**

Tagann na prionsabail threoracha a leagtar amach thíos ó thorthaí seo an athbhreithnithe. Ceaptar mar threoir agus tacaíocht iad do scoileanna, suíomhanna oideachais eile, páirtithe leasmhara agus an córas oideachais níos leithne de réir mar a athfhorbraítear an tsraith shinsearach, d’fhonn eispéireas oideachais gach duine a thugann faoi fhoghlaim sa tsraith shinsearach a fheabhsú. Tá trasnaíl agus gnéithe coiteanna eatarthu i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile. Ní chuirtear i láthair iad in aon ord tosaíochta ar leith, agus ba cheart breathnú orthu ina n-iomláine.

## Prionsabail threoracha don tsraith shinsearach athfhorbartha

**Folláine agus caidreamh**

Cuireann eispéiris an scoláire ar scoil agus i suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne díreach lena fholláine ghinearálta agus lena fhorbairt iomlánaíoch. Tacaítear le heispéiris an scoláire le linn na sraithe sinsearaí i ngach caidreamh atá aige le múinteoirí, comhscoláirí, tuismitheoirí agus daoine fásta tábhachtacha eile.

**Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht**

Tá tábhacht ag baint le gach aon scoláire in eispéireas oideachais na sraithe sinsearaí, agus tá meas ar luach na héagsúlachta agus an méid is féidir le gach scoláire a dhéanamh. Bíonn eispéiris thaitneamhacha ag gach scoláire in oideachas na sraithe sinsearaí agus baineann sé torthaí fiúntacha as.

**Dúshláin, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht**

Bíonn oideachas dúshlánach, tarraingteach agus ardchaighdeáin ag an scoláire, le deiseanna le haghaidh foghlaim atá nua agus domhain. Bíonn deiseanna ann chomh maith do smaointeoireacht chriticiúil, chruthaitheach agus nuálach.

**Foghlaim conas foghlaim, foghlaim don saol**

Forbraíonn an scoláire a neamhspleáchas agus a thuiscint maidir leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé; neartaíonn sé a chumas chun déileáil le dúshláin an tsaoil laistigh de agus i ndiaidh na scoile; agus bíonn deiseanna dara seans aige don fhoghlaim agus don mheasúnú.

**Rogha agus solúbthacht**

Éascaíonn an tsraith shinsearach foghlaim leathan agus níos mó speisialtóireachta. Tugann sí solúbthacht agus comhleanúnachas do scoláirí agus iad ag foghlaim ar réimse bealaí difriúla, ag leanúint a gconairí pearsanta féin tríd an tsraith shinsearach, agus ag dul i dtreonna éagsúla amach anseo.

**Leanúnachas agus aistrithe**

Cuireann an scoláire lena chuid foghlama go dtí seo agus tacaítear leis de réir mar a fhorbraíonn agus a leanann sé na conairí a roghnaigh sé agus de réir mar a aistríonn sé go dtí an saol fásta.

**Rannpháirtíocht agus saoránacht**


Bíonn an scoláire rannpháirteach ar scoil, ina phobal agus sa tsochaí, ag feidhmiú a cheart mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda ar bhealach eiticiúil agus inbhuanaithe.

**Timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí**

Déanann comhpháirtíochtaí agus comhoibriú ar fud scoileanna, le teaghlaigh, le pobail, agus le timpeallachtaí foghlama eile, timpeallachtaí foghlama ar líne ina measc, foghlaim an scoláire a shaibhriú agus a leathnú agus cuireann siad réimse níos leithne féidearthachtaí ar fáil dó.

## EOLAS, SCILEANNA, LUACHANNA AGUS MEONTA

Tá nasc láidir idir eolas, scileanna, luachanna agus meonta Le linn na sraithe sinsearaí, cuireann an scoláire lena eispéiris oideachais ón oideachas luath-óige, ón mbunscolaíocht agus ón tsraith shóisearach, ag leathnú agus ag neartú a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite.




*Fíor 4: Forbairt chomhtháite eolais, scileanna, luachanna agus meonta*

Is féidir cur síos agus catagóiriú a dhéanamh ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealaí éagsúla. Beidh taighde agus plé breise chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint chomhroinnte ar oideachas gach scoláire go dtí seo agus chun cur leis seo, chomh maith leis an aitheantas go bhfuil trasnaíl agus gnéithe coiteanna eatarthu, tábhachtach de réir mar a athfhorbraítear an tsraith shinsearach. Cé go ndéantar achoimre ar gach téarma as féin thíos, cuirfear béim sa tsraith shinsearach athfhorbartha ar an trasnaíl eolais, scileanna, luachanna agus meonta, de réir mar a thagtar orthu, a fhorbraítear tuilleadh iad, agus a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhthéacsanna áirithe agus trí úsáid oideolaíochtaí éagsúla. Is é an tuiscint seo ar thrasnaíl agus comhtháthú a chuireann ar chumas an scoláire a bheith níos rannpháirtí, níos saibhre agus níos inniúla mar fhoghlaimeoir agus mar dhuine.

**Eolas**

Is féidir cur síos ar eolas mar '*fhíricí, coincheapa, smaointe agus teoiricí aitheanta*', lena n-áirítear '*coincheapa agus smaointe teoiriciúla chomh maith le tuiscint phraiticiúil bunaithe ar thaithí i ndiaidh tascanna áirithe a dhéanamh*'[1]. Déanann catagóiriú úsáideach eolais é a chur in eagar i gceithre chineál: disciplíneach, idirdhisciplíneach, eipistéimeach agus gnásúil. Is féidir le heolas disciplíneach, a eagraítear de réir dhisciplín an ábhair nó fearainn eolais, a bheith ina bhonn tábhachtach agus féadfaidh sé cabhrú leis an scoláire cineálacha eile eolais agus scileanna a fhorbairt agus a fhoghlaim. Cuireann eolas idirdhisciplíneach ar chumas an scoláire naisc a shainaithint agus coincheapa, scileanna agus smaointe a aistriú trasna disciplíní, rud a d'fhéadfadh léargais, smaointe nó tuiscint nua a spreagadh. Tagraíonn eolas eipistéimeach d'fhios a bheith ag duine faoina bhfuil i gceist le heolas; fios a bheith agat céard atá ar eolas aige agus céard atá sé in ann a dhéanamh; agus conas a tharla an fhoghlaim sin. Faoi dheireadh, tagraíonn eolas gnásúil do thuiscint a bheith agat ar an gcaoi a ndéantar tasc, ach próisis struchtúrtha a chíoradh go minic, agus féadfaidh sé seo tacú leis an scoláire agus é ag réiteach fadhbanna casta. Foghlaimíonn, úsáideann agus treisíonn an scoláire réimse scileanna, luachanna agus meonta agus é ag leathnú, ag neartú agus ag léiriú a chuid eolais agus tuisceana a thuilleadh.

**Scilleana**

Is féidir cur síos ar scileanna mar '*a bheith in ann próisis a chomhlíonadh agus a bheith in ann do chuid eolais féin a úsáid ar bhealach freagrach chun do spriocanna féin a bhaint amach*[2]. Déanann catagóiriú úsáideach scileanna iad a chur in eagar i dtrí chineál: scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha (mar shampla, smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach agus féinrialúchán); scileanna praiticiúla agus fisiciúla (mar shampla, ábhair agus uirlisí, eolas nua agus gléasanna teicneolaíochta a úsáid); agus scileanna sóisialta agus mothúchán (mar shampla, comhbhá, freagracht agus comhoibriú). Forbraítear agus úsáidtear scileanna, in éineacht le heolas, luachanna agus meonta, ar bhealach comhtháite agus

---

[1] ECFE (2019), *Future of Education and Skills 2030*, Concept note: knowledge for 2030, lch 3.
[2] ECFE (2019), *Future of Education and Skills 2030*, Concept note: skills for 2030, lch 4.

comhordaithe, go minic mar fhreagra ar thasc nó ar éileamh áirithe nó chun obair a dhéanamh i dtreo sprioc áirithe.

**Luachanna agus meonta**

Is féidir cur síos a dhéanamh ar luachanna mar '*na creidimh atá ag duine faoi na rudaí atá inmhianaithe – dóibh féin agus don tsochaí i gcoitinne*'[3]. Is féidir cur síos a dhéanamh ar mheonta mar '*an claonadh atá ag duine gníomhú ar bhealach áirithe in gcúinsí ar leith*'[3]. Tá nasc idir meonta agus luachanna, óir is minic a bhíonn daoine ag gníomhú ar bhealach áirithe de bharr a luachanna agus a gcreideamh bunaidh. Tá nasc idir meonta agus scileanna freisin. Cur síos gearr amháin ar mheonta is ea '*toil chomh maith le scil*'[3] a bheith agat chun rud éigin a thriail nó a bhaint amach. Tá nasc idir meonta agus eolas a oiread céanna, óir féadfaidh na meonta smaointeoireachta agus foghlama, a fhorbraíonn an scoláire, a chuid foghlama a shaibhriú agus é ag gabháil don eolas ar fud disciplíní éagsúla. Tá go leor bealaí ann ar féidir luachanna agus meonta a eagrú agus a chatagóiriú, agus féadfaidh siad seo luachanna agus meonta pearsanta, sóisialta, sochaí agus daonna, mar shampla, a chuimsiú.

---

[3] McGuinness, C. (2018), *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum*, tuarascáil taighde CNCM, https://ncca.ie/media/3500/seminar_two_mcguinness_paper.pdf

**Torthaí an athbhreithnithe**

Ba cheart don scoláire forbairt bhreise a dhéanamh ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite le linn na sraithe sinsearaí ar fad, ag cur lena chuid foghlama go dtí seo. Is bealach maith iad ábhair chun eolas a eagrú ina chomhpháirteanna den churaclam, cosúil le haonaid nó modúil théamacha. Ba cheart go gcuimseodh an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta, a leanann an scoláire a fhorbairt ar fud an churaclaim ar fad, na nithe seo a leanas:

- smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach, próiseáil faisnéise agus smaointeoireacht ardoird
- cumarsáid agus litearthacht, lena n-áirítear litearthacht thraidisiúnta, faisnéise agus dhigiteach
- uimhearthacht agus smaointeoireacht mhatamaiticiúil chun ciall a bhaint as sonraí agus chun fadhbanna a réiteach
- cruthaitheacht agus samhlaíocht chun smaointe nua a chruthú agus chun neamhréireanna agus aincheisteanna a shocrú
- a chuid foghlama féin agus foghlaim scoláirí eile a thuiscint trí fhoghlaim fhéinstiúrtha/neamhspleách, comhoibriú/obair foirne agus machnamh
- neamhspleáchas san fhoghlaim, roghanna stuama a dhéanamh agus freagracht a ghlacadh as a aistear tríd an oideachas agus é ag aistriú go dtí an saol fásta
- gníomhaíocht aonair agus choiteann a phleanáil agus a ghlacadh
- foghlaim le critíc a dhéanamh ar chórais ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus domhanda agus iad a cheistiú, a chosaint agus a athrú ó bhonn
- foghlaim tuilleadh faoi chaidreamh a fhorbairt agus a chothú.
- scileanna sóisialta agus mothúchán lena n-áirítear comhbhá agus féinghlacadh, foighne agus athléimneacht, meas ar dhaoine eile, comhbhá agus freagracht, féinbhainistiú agus buanseasmhacht

**Sa tsraith shinsearach athfhorbartha**

Forbraítear eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire ach é a bheith rannpháirteach i réimse oideolaíochtaí i gcomhthéacsanna áirithe, le linn a thréimhse san oideachas agus trína chaidreamh le múinteoirí, tuismitheoirí nó caomhnóirí, comhscoláirí agus daoine fásta tábhachtacha.

Beidh deiseanna ag an scoláire i gcónaí sa tsraith shinsearach athfhorbartha a chuid féin a dhéanamh d'eolas nua agus cur leis an eolas atá aige cheana féin agus é a neartú. Beidh deiseanna aige le haghaidh níos mó speisialtóireachta, mar is cuí don chéim seo den oideachas, de réir mar a thosaíonn sé á threorú féin chuig a shaol amach anseo mar dhuine fásta, trí dhisciplíní ábhar traidisiúnta (a leanfaidh de ról tábhachtach a imirt sa tsraith shinsearach athfhorbartha) agus trí chomhpháirteanna eile den churaclam, cosúil le comhpháirteanna roinnte ina modúil dhifriúla agus/nó comhpháirteanna idirdhisciplíneacha.

Agus an tsraith shinsearach á hathfhorbairt, cuirfidh cur chuige comhtháite i leith eolais, scileanna, luachanna agus meonta bonn eolais faoi leagan amach sonraíochtaí ábhar agus modúl agus cuir chuige maidir le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú. Déanfar plé breise chun na scileanna, luachanna agus meonta a chuirfidh an scoláire leo ó chéimeanna luatha an oideachais a athbhreithniú agus a shainaithint agus/nó iad siúd ba cheart dó a fhorbairt le linn na sraithe sinsearaí trí rannpháirtíocht le heolas ar fud ábhair agus modúil éagsúla. Áireofar sa phlé seo machnamh ar na cineálacha cuir chuige maidir le teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú a fhéadfaidh tacú le forbairt chomhtháite eolais, scileanna, luachanna agus meonta.

Áireofar mar chuid den phróiseas seo dul siar ar aiseolas an athbhreithnithe agus ar phríomhscileanna reatha na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí araon, in éineacht le machnamh ar an gcaoi ar féidir le prionsabail threoracha na sraithe sinsearaí, a cuireadh in iúl thuas, bonn eolais a chur faoi na luachanna agus na meonta is féidir a fhorbairt laistigh de agus ar fud ábhair agus modúil. Pléifear é seo mar chuid d'obair athfhorbartha na sraithe sinsearaí, a áireoidh treoir a chruthú don athbhreithniú agus comhpháirteanna de churaclam na sraithe sinsearaí a fhorbairt, mar a phléifear i gCaibidil 2 thíos.

## TEAGASC, FOGHLAIM, MEASÚNÚ AGUS TUAIRISCIÚ

Cuireann cuir chuige teagaisc, foghlama, agus measúnaithe; cultúr na scoile; eispéiris san oideachas roimhe; agus cúinsí aonair, teaghlaigh agus sochaí ar fad le cabhrú leis an scoláire a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt tuilleadh agus cuireann siad le folláine an scoláire ar bhealaí éagsúla. Tá cúinsí teaghlaigh agus sochaí bunúsach - agus bíonn tionchar acu gan amhras ar an rannpháirtíocht, ullmhacht agus rochtain atá ag daoine óga ó thaobh na foghlama de. Bíonn tionchar domhain, áfach, ag teagasc, foghlaim agus cuir chuige ar ardchaighdeán i leith measúnú agus tuairisciú sa tsraith shinsearach chomh maith le cultúr ionchuimsitheach na scoile ar fhorbairt iomlánaíoch an scoláire agus ar a fholláine. Bíonn tionchar suntasach ag na cúinsí seo ar fad ar eispéireas ginearálta an scoláire in oideachas na sraithe sinsearaí agus ar an réimse eolais, scileanna, luachanna agus meonta a leanann an scoláire a fhorbairt le linn na tréimhse seo den oideachas.

Agus í ag freastal ar fhírinní agus riachtanais reatha an scoláire, tosaíonn an tsraith shinsearach ag díriú an scoláire i dtreo a shaoil fhásta agus leagann sí an bhunchloch lena aghaidh seo. Ba cheart go bhforbródh an scoláire tuilleadh a chumas nithe a fhoghlaim ar bhealach féinstiúrtha agus neamhspleách, le scafláil chuí, le linn na sraithe sinsearaí ar fad. Ba cheart go ndíreodh cuir chuige maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú ar thuiscint agus smaointeoireacht ardoird a fhorbairt agus go gcuirfeadh siad le forbairt phearsanta agus idirphearsanta freisin. Ba cheart go spreagfaí an scoláire le ceisteanna a chur, a bheith ag éisteacht agus ag plé agus é ag foghlaim agus ag glacadh le réimse modheolaíochtaí foghlama agus cleachtas measúnaithe foirmitheach, de réir mar is cuí, d’fhonn forbairt bhreise agus neartú a dhéanamh ar a thuiscint, a acmhainní criticiúla agus cruthaitheacha agus a neamhspleáchas mar fhoghlaimeoir.


Caithfidh an scoláire ailíniú dlúth a bhrath idir an curaclam atá sé a leanúint, agus na cuir chuige maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú atá á nglacadh chun tacú lena chuid foghlama. Trasnaíonn cuir chuige i leith teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus bíonn tionchar acu ar gach a bhfuil luach leis agus a dtuairiscítear in oideachas na sraithe sinsearaí. Ba cheart go gcuirfeadh teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú na sraithe sinsearaí bonn maith faoi shaol fásta gach scoláire de réir mar aistríonn sé i dtreo todhchaí a mbaineann éagsúlacht léi. Déantar gach ceann de na réimsí seo a fhiosrú go mion i gCaibidil 2 agus déanfar tuilleadh fiosraithe orthu

in obair leanúnach ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Is é is aidhm leis an gcomhairle ar fad agus na réimsí le haghaidh gníomhaithe mar a leagtar amach thíos ná cuspóir oideachas na sraithe sinsearaí a bhaint amach trí theagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú, ag cuimsiú na nithe a leanas:

- leanúint le hoideachas a chur ar an duine ina iomláine
- cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite
- freastal ar chuspóirí coiteanna agus aonair i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile agus sa tsochaí níos leithne.
- cabhrú leis an scoláire deiseanna éagsúla a fháil amach anseo ach bonn láidir a chur faoin aistriú go dtí an breisoideachas, an t-oideachas aosach agus an t-ardoideachas, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus fostaíocht; agus rannpháirtíocht sa tsochaí shibhialta agus sa saol fásta.

# Caibidil 2: An fhís don tsraith shinsearach a bhaint amach

Pléitear trí phríomhghné d'oideachas na sraithe sinsearaí sa chaibidil seo: conairí agus solúbthacht; comhpháirteanna den churaclam; agus, measúnú, tuairisciú agus aistrithe. Tugtar achoimre ar na téamaí leathana a tháinig chun cinn le linn an athbhreithnithe i ngach ceann de na coda seo, chomh maith leis na réimsí ar measadh go raibh níos mó taighde agus forbartha ag teastáil uathu. Agus an cuspóir agus an fhís don tsraith shinsearach mar a chuirtear in iúl i gCaibidil 1 mar bhonn acu, déanann gach cuid achoimre ar an gcaoi ar féidir an fhís seo a bhaint amach i scoileanna agus i suíomhanna oideachais. Is é an ceannteideal deiridh atá ar gach cuid ná *Réimsí le haghaidh Gníomhaíochta*. Leagann sé seo amach an phríomhobair atá le déanamh chun fíorú na físe a éascú. Braitheann na gníomhartha seo ar ghníomhartha eile a leagtar amach le linn na caibidle uaireanta, agus braithfidh siad ar leanúnachas an phróisis chomhoibríoch a úsáideadh san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach.




*Fíor 5: An fhís don tsraith shinsearach a bhaint amach: réimsí le haghaidh taighde agus forbairt bhreise*

## Conairí agus Solúbthacht

Tá na prionsabail threoracha don tsraith shinsearach a phléitear sa tuarascáil seo mar bhonn taca faoi fhorbairt conairí aonair agus solúbthachta don scoláire. Is é is aidhm le forbairt conairí agus solúbthachta ná tacú le prionsabail threoracha na sraithe sinsearaí athfhorbartha ar bhealach níos fiúntaí, is é sin folláine agus caidreamh; oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht; dúshláin, rannpháirtíocht agus cruthaitheacht; foghlaim le foghlaim, foghlaim don saol; rogha agus solúbthacht; leanúnachas agus aistrithe; rannpháirtíocht agus saoránacht; agus timpeallachtaí foghlama agus comhpháirtíochtaí.

Tá ceithre chlár sa tsraith shinsearach faoi láthair: An Ardteistiméireacht Bhunaithe (ATB), Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT), Clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (AF) agus an Idirbhliain (IB). Sainaithníodh príomhláidreachtaí na gclár reatha seo san athbhreithniú agus áiríodh an fhoghlaim mhodúlach (AF, GCAT, IB), modhanna agus bealaí éagsúla measúnaithe (ATB, AF, GCAT, IB) agus réimse leathan ábhar. Measadh gur deis luachmhar í an Idirbhliain don scoláire chun forbairt bhreise a dhéanamh ar réimse eolais, scileanna, luachanna agus meonta, gan brú na scrúduithe stáit seachtracha.

Ar an lámh eile, sainaithníodh dúshláin na sraithe sinsearaí reatha freisin. Áirítear leo sin easpa cothromaíochta ó thaobh measa de ar fud na gclár, an easpa roghanna gairme ar leith agus solúbthacht easnamhach do scoileanna agus don scoláire de bharr imfhálú na gclár. I gcásanna áirithe, is féidir go gcuireann comhthéacs na scoile srian le rogha na gcomhpháirteanna den churaclam agus na gclár atá ar fáil laistigh de scoil áirithe, cuir i gcás, méid na scoile nó an áit a bhfuil sí suite.

Tugadh faoi deara freisin go bhfuil deiseanna aoisoiriúnacha agus piaroiriúnacha teoranta ag an scoláire a thugann faoi Chláir Foghlama Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó sa tsraith shóisearach le haghaidh dul chun cinn laistigh den tsraith shinsearach reatha. Deimhníodh san athbhreithniú go bhféadfadh sraith shinsearach do *gach* scoláire, a chuireann réimse conairí foghlama difriúla ar fáil, na nithe seo a leanas a chur san áireamh:

- imfhálú na gclár reatha a laghdú

- na gnéithe is éifeachtaí de chláir reatha a chur le chéile i sraith shinsearach athfhorbartha do chách, le conairí agus meascáin iomadúla ar fáil don scoláire agus do scoileanna
- an scóip a mheas le haghaidh tuilleadh roghanna a chur ar fáil i réimsí a bhaineann le foghlaim theicniúil, ghairme, chruthaitheach agus ghairmiúil[4]
- foghlaim leantach a chur ar fáil don scoláire a chríochnaigh Cláir Foghlama Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó sa tsraith shóisearach
- forbairt a dhéanamh ar an réimse deiseanna le haghaidh foghlaim lasmuigh de láthair na scoile mar atá in úsáid faoi láthair, agus iad siúd a d'fhéadfaí a leathnú tuilleadh
- fiosrú agus forbairt a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh foghlaim ar líne

Éileofar athruithe comhlántacha ar chórais agus gnéithe a bhfuil tionchar acu ar an tsraith shinsearach, mar shampla, na socruithe teastaithe, aistrithe agus máithreánaigh a chabhraíonn leis an scoláire rochtain a fháil ar dheiseanna éagsúla i ndiaidh na scoile, chun go gcuirfí athruithe i bhfeidhm go rathúil ar an tsraith shinsearach.

Meastar gur gné thábhachtach í gairmthreoir sheasmhach agus struchtúrtha chun tacú le rochtain agus tuiscint a thabhairt ar na féidearthachtaí a bhaineann le conairí foghlama nua de réir mar a fhorbraítear iad. Éileoidh soláthar roghanna níos solúbtha agus na roghanna eile a

[4] Cabhraíonn oideachas agus oiliúint theicniúil agus ghairme (OOTG) ar ardchaighdeán le heolas an duine ar eolaíocht agus teicneolaíocht a fhorbairt i réimse leathan gairme a bhfuil cumais theicniúla agus ghairmiúla agus scileanna gairme ar leith ag teastáil uaidh... Úsáidtear "oideachas teicniúil agus gairme" mar théarma cuimsitheach a thagraíonn do na gnéithe sin den phróiseas oideachais a chuimsíonn, anuas ar an oideachas ginearálta, an staidéar ar theicneolaíochtaí agus eolaíochtaí a bhaineann leo, agus sealbhú scileanna, dearcthaí, tuisceana agus eolas praiticiúil a bhaineann le gairmeacha in earnálacha éagsúla den saol eacnamaíoch agus sóisialta. (EOECNA, 2002)
Cuimsíonn an téarma 'foghlaim ghairmiúil' an réimse conairí gairmiúla atá ar fáil i samhail nua na bprintíseachtaí a áiríonn bithchógaisíocht, airgeadas, lóistíocht agus TFC. Airíonn 'foghlaim chruthaitheach' deiseanna le haghaidh cruthaitheachta i réimsí reatha agus réimsí nua a d'fhéadfadh a bheith ann sa churaclam agus sna healaíona cruthaitheacha.

bhaineann leis seo leibhéil níos airde treorach chun é a chur ar chumas an scoláire agus tuismitheoirí roghanna feasacha a dhéanamh.

Leagtar amach gníomhartha chun tacú le forbairt conairí éagsúla agus solúbtha don scoláire sa tsraith shinsearach sna táblaí thíos faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Dul chun cinn don scoláire a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 sa tsraith shóisearach.
- An tsraith shinsearach athfhorbartha: An Idirbhliain
- An tsraith shinsearach chomhtháite
- Conairí solúbtha

Leagtar achoimre amach i ngach tábla ar thorthaí an athbhreithnithe, chomh maith le fís uileghabhálach don tsraith shinsearach athfhorbartha agus an tsraith gníomhartha a mholtar go ndéanfadh CNCM i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun an fhís seo a bhaint amach.

## DUL CHUN CINN FOGHLAMA DON SCOLÁIRE A LEANANN CLÁIR FOGHLAMA LEIBHÉAL 1 NÓ LEIBHÉAL 2 SA TSRAITH SHÓISEARACH

### Torthaí an athbhreithnithe

Measadh gur chéim an-dearfach i dtreo níos mó ionchuimsitheachta é cur i bhfeidhm Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 sa tsraith shóisearach agus chuir scoileanna, scoláirí agus tuismitheoirí fáilte is fiche roimhe.

Níl rochtain ag an scoláire a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 sa tsraith shóisearach faoi láthair ar fhoghlaim chuí sa tsraith shinsearach. Is é sin, foghlaim atá aoisoiriúnach agus piaroiriúnach agus a chuireann go hiomlánaíoch le fás agus forbairt shóisialta, phearsanta agus intleachtúil an scoláire.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

Bheadh deiseanna le foghlaim a chur chun cinn, a neartú agus a aistriú ar fáil don scoláire i gCláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2. D'fhéadfadh an leibhéal ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí lena mbeadh na comhpháirteanna den churaclam ailínithe athrú de réir mar is cuí. Bheadh na comhpháirteanna iad féin, cosúil le modúil foghlama, oiriúnach ó thaobh aoise, comhscoláirí agus riachtanas foghlama de agus chuirfidís le fás agus aibíocht intleachtúil, shóisialta agus phearsanta an scoláire.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- sraith modúl a fhorbairt don scoláire sa tsraith shinsearach a leanann Clár Foghlama Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 sa tsraith shóisearach.

### Torthaí an athbhreithnithe

Meastar gur clár luachmhar don scoláire í an Idirbhliain a chuireann deiseanna le haghaidh forbairt phearsanta, shóisialta agus acadúil ar fáil, chomh maith le taithí ar an saol fásta agus oibre. Measadh gur gné dhearfach den Idirbhliain é an neamhspleáchas áitiúil a thugtar do scoileanna a gclár Idirbhliana féin a fhorbairt. Bhí roinnt cúiseanna imní ann freisin, áfach, maidir le cothromas na rochtana atá ag scoláirí ar an gclár, agus na gníomhaíochtaí agus deiseanna le haghaidh foghlama agus forbartha laistigh den Idirbhliain. Is deis luachmhar í an Idirbhliain don scoláire chun forbairt bhreise a dhéanamh ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta, gan brú na scrúduithe stáit seachtracha.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

Bheadh scoileanna fós in ann an Idirbhliain a chur ar fáil mar chlár aonair a dtabharfaí faoi sa cheathrú bliain. Ach déanfar obair freisin chun na gnéithe sin den Idirbhliain reatha, m.sh. modúil ar leith a bhféadfadh gach scoláire leas a bhaint astu sa tsraith shinsearach athfhorbartha, a shainaithint. D'fhéadfadh an rogha a bheith ag scoileanna a chinneann gan an Idirbhliain a chur ar fáil mar chlár aonair na gnéithe seo a chur san áireamh ina sraith shinsearach dhá nó trí bliana, laistigh de pharaiméadair shocraithe.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- iniúchadh a dhéanamh ar chlár na hIdirbhliana chun na gnéithe is éifeachtaí de chláir reatha agus comhpháirteanna den churaclam san IB a shainaithint chun fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí iad seo a thabhairt isteach i gconairí sa tsraith shinsearach athfhorbartha.

- ráiteas maidir le clár athbhreithnithe don Idirbhliain a fhorbairt a áireoidh paraiméadair dá forbairt agus dá hoibríocht.

### Torthaí an athbhreithnithe

Cuirtear luach leis na cláir a chuirtear ar fáil sa tsraith shinsearach faoi láthair mar gheall ar an méid a chuireann siad le forbairt phearsanta, shóisialta agus chognaíoch an scoláire. Cuireann Aicmí Gairmábhar srian faoi láthair le rochtain an scoláire ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. Tá tionchar ar luach chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí ag an easpa roghanna le haghaidh dul chun cinn don scoláire a thógann an clár seo, agus ag imfhálú an chláir laistigh den tsraith shinsearach. Bhainfeadh gach scoláire leas as deiseanna chun rochtain a fháil ar na comhpháirteanna den churaclam a bhfuil luach leo ón réimse leathan clár atá ar fáil faoi láthair.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

I gcomhthéacs curaclaim do chách, ní bheadh an t-imfhálú ina ghné láidir den tsraith shinsearach athfhorbartha. Sa tréimhse roimh chur i bhfeidhm na sraithe sinsearaí athfhorbartha, d'fhéadfaí imfhálú clár reatha a laghdú nó a bhaint, nuair ab fhéidir a leithéid a dhéanamh. Sa tsraith shinsearach athfhorbartha, d'fhéadfaí na gnéithe is éifeachtaí de na cláir reatha a chomhtháthú ina sraith shinsearach aonair. Déanfar athfhorbairt ansin agus aird á tabhairt ar na comhthéacsanna agus suíomhanna líonmhara éagsúla ina dtugtar faoin tsraith shinsearach.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- comhairle a thabhairt ar scor na nAicmí Gairmábhar do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta
- iniúchadh curaclaim a dhéanamh ar Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agus ar chlár na Ardteistiméireachta Feidhmí i scoileanna agus suíomhanna oideachais eile, chun na gnéithe is éifeachtaí de chláir reatha agus comhpháirteanna den churaclam a shainaithint agus fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí na gnéithe seo a thabhairt isteach ina gconairí sa tsraith shinsearach athfhorbartha
- tuairisciú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le himfhálú Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí a bhaint.

### Torthaí an athbhreithnithe

Ba cheart go mbeadh rochtain ag an scoláire sa tsraith shinsearach ar réimse comhpháirteanna solúbtha den churaclam chun conair foghlama a chruthú a éascaíonn rochtain ar réimse féidearthachtaí dul chun cinn. Ba cheart go mbeadh deiseanna aige cineálacha difriúla foghlama a chur le chéile, lena n-áirítear foghlaim ghairme, theicniúil, ghairmiúil agus chruthaitheach (féach an fonóta lch 35).

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

Bheadh an scoláire agus scoileanna in ann leas a bhaint as réimse conairí foghlama. D'fhéadfadh conairí atá cosúil leo siúd atá ann faoi láthair a théann i dtreo deiseanna sa bhreisoideachas agus san ardoideachas a bheith san áireamh. Laistigh de chomhthéacs an churaclaim do chách, áfach, d'fhéadfadh conairí eile a bhfuil luach leo a bheith ann freisin a osclaíonn deiseanna le haghaidh staidéir agus dul chun cinn i réimsí a bhaineann le printíseachtaí, tréimhsí oiliúna, an breisoideachas, agus saol na hoibre. Déanfar athfhorbairt ansin agus aird á tabhairt ar na comhthéacsanna agus suíomhanna líonmhara éagsúla ina dtugtar faoin tsraith shinsearach.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- taighde bhreise a dhéanamh agus moltaí a fhorbairt le haghaidh réimse conairí foghlama éagsúla a chuimsíonn na deiseanna a thagann chun cinn as na forbairtí comhreathacha in earnáil an Bhreisoideachais agus Oiliúna agus an Ardoideachais i gcomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE), SOLAS agus páirtithe leasmhara ábhartha

- oibriú le scoileanna chun fiosrú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na roghanna solúbtha a mholtar, lena n-áirítear na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh foghlaim lasmuigh den scoil

- fiosrú a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh timpeallachtaí foghlama ar líne chun solúbthacht a fheabhsú

## Comhpháirteanna den churaclam

Teastóidh forbairtí comhlántacha i gcomhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach má táthar chun conairí foghlama solúbtha a fhorbairt d'fhonn solúbthacht agus roghanna a éascú agus deiseanna dul chun cinn a chur ar fáil do gach scoláire.

Tugadh aitheantas do lárnacht ábhar san athbhreithniú chomh maith leis na deiseanna a chuireann an fhoghlaim mhodúlach ar fáil den chineál atá ar fáil cheana féin sa tsraith shinsearach. Aithnítear gur gné dhearfach den tsraith shinsearach reatha é an réimse comhpháirteanna den churaclam atá ann faoi láthair. Tarraingíodh aird, áfach, ar éagothromas na rochtana ar an réimse comhpháirteanna den churaclam de bharr roghanna cláir i scoil, méid na scoile, suíomh nó cúinsí eile. Chomh maith leis sin, tarraingíodh aird san athbhreithniú ar an ngá go mbeadh comhpháirteanna den churaclam ábhartha i gcónaí ach athbhreithniú agus uasdátú rialta a dhéanamh. Measadh gur réimse foghlama tábhachtach sa tsraith shinsearach é Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus tugadh tacaíocht d'fhorbairtí sa réimse seo de réir na ngníomhartha in Athbhreithniú CNCM ar OCG (2019).

Deimhníodh san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach gur cheart go n-aithneofaí agus go gcuirfí le neamhspleáchas méadaitheach an scoláire sa chéim seo den fhoghlaim, chomh maith leis an aosacht atá á baint amach aige. Ba cheart go mbeadh curaclam agus timpeallacht foghlama ann mar sin a chothaíonn forbairt meoin i dtreo foghlaim ar feadh an tsaoil chomh maith le tacú leis an aistriú chuig an saol i ndiaidh na scoile.

Le linn an athbhreithnithe ar fad, moladh an fhoghlaim don saol go seasta mar réimse le haghaidh forbartha amach anseo ach ba bheag an comhaontú ar a mbeadh i gceist leis an bhfoghlaim don saol, go sonrach, laistigh den tsraith shinsearach. Mar a pléadh i gCaibidil 1, is féidir aiseolas ar ghnéithe den fhoghlaim don saol a chur i láthair faoi cheannteidil éagsúla:

- scileanna praiticiúla agus fisiciúla cosúil le: scileanna digiteacha agus cumarsáide; forbairt phearsanta; cumas pearsanta a fhorbairt, foghlaim le cócaráil agus aire a thabhairt duit féin, cuir i gcás; agus sláinte agus folláine a chur chun cinn

- scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha cosúil le: smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach, feasacht ar do chuid foghlama féin agus foghlaim le foghlaim
- scileanna sóisialta agus mothúchán cosúil le: comhbhá, féinéifeachtúlacht, freagracht agus comhoibriú.

Tugadh le fios san athbhreithniú gur féidir go leor de na scileanna agus meonta seo a leabú ar fud an churaclaim. Tugadh faoi deara ann freisin go bhfuil roinnt acu ar fáil cheana féin i gcomhpháirteanna reatha den churaclam, cosúil le hOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar chuid de OSPS; corpoideachas; oideachas sóisialta (ar fáil san AF); an tasc praiticiúil gnóthachtála (ar fáil san AF); agus na nascmhodúil (ar fáil in GCAT), chomh maith leis an réimse deiseanna laistigh de chlár na Idirbhliana.

Bhí tuairimí difriúla ann ar an méid a bhféadfaí a bheith ag súil leis ón tsraith shinsearach, sa chomhthéacs seo, agus thug go leor daoine faoi deara go n-imríonn cúinsí sochaí agus teaghlaigh ról tábhachtach. Bhí comhaontú idir daoine ar an iomlán, áfach, i dtaca leis an luach atá leis na scileanna don saol a fhaightear trí thaithí oibre, obair dheonach nó rannpháirtíocht sa tsochaí. Bhí an tuairim ag an gcuid is mó de rannpháirtithe gur cheart go mbeadh an deis ag gach scoláire an cineál foghlama seo a dhéanamh agus gur cheart go dtacódh comhpháirteanna den churaclam le forbairt luachanna agus meonta chun saol inbhuanaithe a chaitheamh agus chun cur le sochaí dhaonlathach. Chomh maith leis sin, thug rannpháirtithe faoi deara go bhféadfadh cuir chuige i leith teagaisc, foghlama agus measúnaithe sa tsraith shinsearach tacú le forbairt scileanna cognaíocha, meiteachognaíocha, sóisialta agus mothúchán. Sainaithníodh gur scileanna tábhachtacha iad seo don aistriú chuig an oideachas agus oiliúint bhreise agus aosach, ardoideachas, saol na hoibre agus an saol fásta. Cuirfear na scileanna, luachanna agus meonta seo in iúl san obair amach romhainn ar churaclam, measúnú agus tuairisciú.

Deimhníodh san athbhreithniú gur cheart sraith shinsearach do gach scoláire, a chuireann réimse conairí foghlama ar fáil, a fhorbairt. Éilíonn sé seo go bhforbrófar comhpháirteanna den churaclam a fhéadfaidh freastal ar riachtanais an scoláire i dtaca le réimse, leanúnachas, comhdhlúthú, dul chun cinn agus aistriú. D'fhéadfadh sé seo obair a chuimsiú, mar shampla, sna réimsí seo a leanas:

- athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta reatha comhpháirteanna den churaclam agus breithniú ar cheart comhpháirteanna a choinneáil/a thosú/deireadh a chur leo laistigh den chomhthéacs iomlán maidir le tacú le conairí foghlama éagsúla agus solúbtha
- fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an scoláire comhpháirteanna den churaclam a chur le chéile chun níos mó solúbthachta agus réimse níos leithne taithí a éascú agus níos mó speisialtóireachta á ceadú ag an am céanna.
- fiosrú a dhéanamh ar mhéid iomlán na foghlama/na gcomhpháirteanna den churaclam/an ama ba cheart a chur le roghanna difriúla conairí sa tsraith shinsearach
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta a sholáthar mar chuid de chlár OSPS i ngach scoil
- fiosrú a dhéanamh ar na dúshláin phraiticiúla agus impleachtaí acmhainne, go háirithe do scoileanna, a bhaineann le réimse leathan comhpháirteanna den churaclam, a d'fhéadfaí a chur le chéile ar bhealach comhleanúnach, a chur ar fáil do gach scoláire
- fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir soláthar don fhoghlaim don saol a fheabhsú agus a fhorbairt mar réimse suntasach ar fud na sraithe sinsearaí agus tosaíocht a thabhairt do na réimsí seo le haghaidh forbairt bhreise
- breithniú a dhéanamh ar réimse agus cineál ábhar cuí (m.sh. sonraíochtaí, treoirlínte, eiseamláiriú) a sholáthróidh CNCM chun tacú le scoileanna, múinteoirí agus scoláirí ag obair le comhpháirteanna den churaclam a éascaíonn conairí foghlama solúbtha tríd an tsraith shinsearach
- ailíniú leathan an churaclaim a chinntiú agus an cháilíocht a gheofar ina dhiaidh a chur san áireamh laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Meastar go mbeifear in ann na comhpháirteanna den churaclam a chuirtear san áireamh i gclár staidéir na sraithe sinsearaí a roinnt ina gcatagóirí éagsúla:

- ábhair a dtugann scoláirí fúthu faoi láthair
- modúil cosúil le:
    - na modúil réamhghairme a dtugann scoláirí fúthu faoi láthair i gclár na hArdteistiméireachta Feidhmí agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta
    - modúil nó aonaid a fhorbraíonn scoileanna mar a dtugann scoláirí san Idirbhliain fúthu faoi láthair

- modúil a thugann deiseanna le haghaidh dul chun cinn agus eispéiris chuí do scoláirí a leanann Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 faoi láthair.
- modúil theicniúla, ghairmiúla, ghairme, chruthaitheacha nó thionsclaíocha, a d'fhéadfaí a fhorbairt uaireanta i gcomhar le forais nó gníomhaireachtaí seachtracha.

D'fhéadfadh sé go mbeadh dúshláin ag scoileanna agus suíomhanna oideachais áirithe agus iad ag cur curaclam leathan ar fáil agus ag feabhsú deiseanna foghlama don scoláire laistigh den tsraith shinsearach. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin phraiticiúla a bhaineann le réimse leathnaithe comhpháirteanna den churaclaim a chur ar fáil, éileoidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí fiosrú breise a dhéanamh ar úsáid na cianfhoghlama agus na foghlama ar líne, réitigh chuimsitheacha dhigiteacha inrochtana a fhorbairt chun rochtain sholúbtha ar fhoghlaim a éascú, agus fiosrú a dhéanamh ar shuíomhanna foghlama eile.

Ba cheart go dtacódh an tsraith shinsearach, a leanann de churaclam leathan a chur ar fáil, le níos mó speisialtóireachta a thabhairt don scoláire agus é ag dul i dtreo an tsaoil fhásta agus ag roghnú ábhar agus modúl i meascán a oireann dá chuid riachtanas, spéiseanna, paisean agus pleananna ar leith don saol i ndiaidh na scoile. Sa chomhthéacs seo, beidh ról tábhachtach le himirt ag cur chuige scoile uile atá comhsheasmhach agus struchtúrtha i leith na gairmthreorach óir beidh leibhéil fheabhsaithe treorach ag teastáil ón scoláire agus ó thuismitheoirí chun roghanna feasacha a dhéanamh faoi na conairí éagsúla atá ar fáil.

Sa tsraith shinsearach athfhorbartha ina mbeidh deiseanna le haghaidh conairí solúbtha aonair ar fáil don scoláire, ní mór cothromaíocht a aimsiú idir comhleanúnachas agus dul chun cinn agus na roghanna a bheidh le déanamh. Chun comhleanúnachas a bhaint amach, caithfear treoir a thabhairt do scoileanna, lena n-áirítear paraiméadair d'fhorbairt chonairí na sraithe sinsearaí ag úsáid an réimse comhpháirteanna den churaclam a moladh thuas. Cuid lárnach de seo is ea forbairt incriminteach Creata don tSraith Shinsearach, próiseas a mbeidh comhairliúchán leanúnach le scoileanna agus páirtithe leasmhara ann.

Leagtar amach gníomhartha chun tacú le forbairt comhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach d'fhonn solúbthacht agus rogha a éascú agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh dul chun cinn sna táblaí thíos faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Athbhreithniú agus forbairt ar chomhpháirteanna den churaclam
- Foghlaim don saol

Leagtar amach achoimre i ngach tábla ar thorthaí an athbhreithnithe, chomh maith le fís uileghabhálach don tsraith shinsearach athfhorbartha agus an tsraith gníomhartha a mholtar go ndéanfadh CNCM i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun an fhís seo a bhaint amach.

## ATHBHREITHNIÚ AGUS FORBAIRT AR CHOMHPHÁIRTEANNA DEN CHURACLAM

### Torthaí an athbhreithnithe

Ba cheart comhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach a athbhreithniú agus a uasdátú de réir mar is cuí agus athbhreithniú sceidealaithe rialta a dhéanamh chun a chinntiú go bhfuil an curaclam cothrom le dáta agus ábhartha. Ba cheart níos mó solúbthachta a bheith ag an scoláire agus é ag roghnú comhpháirteanna den churaclam agus an rogha a bheith aige comhpháirteanna den churaclam a chur le chéile chun tacú le conairí foghlama níos solúbtha. Ba cheart go gcuirfeadh forbairt comhpháirteanna den churaclam cur chuige comhtháite ar fáil chun forbairt bhreise a dhéanamh ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

D'fhéadfadh rochtain a bheith ag an scoláire ar réimse comhpháirteanna den churaclam (ábhair agus modúil) ina chonair foghlama. Dhéanfaí athbhreithniú agus uasdátú rialta ar na comhpháirteanna seo. Bheadh an scoláire in ann foghlaim a dhéanamh i réimsí difriúla ag brath ar na roghanna a dhéanfadh sé, na bealaí ina gcuirfeadh sé ábhair agus modúil dhifriúla le chéile, agus na bealaí ina n-eagródh an scoil foghlaim ar fud na sraithe sinsearaí ar fad. Ar fud na sraithe sinsearaí ar fad, bheadh deiseanna ag gach scoláire forbairt bhreise a dhéanamh ar réimse scileanna agus meonta a thacaíonn lena chuid eolais agus tuisceana laistigh de agus ar fud comhpháirteanna den churaclam. Thacófar leis an scoláire ach treoir a thabhairt agus é i mbun cinnteoireachta.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- athbhreithniú a dhéanamh ar chomhpháirteanna reatha den churaclam agus an scóip a mheas d'fhorbairt comhpháirteanna nua agus/nó níos solúbtha den churaclam
- sceideal a fhoilsiú a shainaithníonn agus a thugann tús áite do chomhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach agus réimsí le hathbhreithniú
- páipéar treorach a chruthú le haghaidh athbhreithniú agus forbairt comhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach
- achoimre a dhéanamh ar réimse agus cineál ábhar cuí (m.sh. sonraíochtaí, treoirlínte don mhúinteoir, ábhair shamplacha agus eiseamláiriú) a fhorbróidh agus a sholáthróidh CNCM chun tacú le scoileanna, múinteoirí agus scoláirí atá ag obair le comhpháirteanna den churaclam.

### Torthaí an athbhreithnithe

Ba cheart go dtacófar leis an scoláire sa tsraith shinsearach chun réimse scileanna don saol a fhorbairt. Ba cheart go gcuimseodh na scileanna seo scileanna praiticiúla agus fisiciúla, scileanna cognaíocha agus meiteachognaíocha, agus scileanna sóisialta agus mothúchán.

D'fhéadfadh an scoláire na scileanna seo a chur i bhfeidhm trí chorpoideachas; obair phobail, obair dheonach nó taithí oibre; oideachas saoránaigh nó oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe; cruthaitheacht, na healaíona agus an cultúr, oideachas idirchultúrtha; agus scileanna breise eile don saol a thacaíonn go fiúntach le forbairt iomlánaíoch an scoláire. Ba cheart go mbeadh foghlaim sna réimsí seo ar fáil do gach scoláire agus go gcabhródh sí lena aistriú chuig an saol i ndiaidh na scoile.

Teastaíonn oideachas oiriúnach caidrimh agus gnéasachta ó gach scoláire sa tsraith shinsearach a chuimsíonn topaicí atá ábhartha dá aois agus céim foghlama. Is cuid thábhachtach d'oideachas na sraithe sinsearaí é Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta scoilbhunaithe.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

Bheadh deiseanna ag an scoláire sa tsraith shinsearach réimse scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt ar fud an churaclaim chun tacú leis le linn a thréimhse ar scoil agus ina dhul chun cinn agus aistriú chuig an saol i ndiaidh na scoile. Chomhtháthódh foghlaim sa tsraith shinsearach na scileanna, luachanna agus meonta seo ar fud an churaclaim agus tús áite a thabhairt do réimsí le haghaidh gníomhaíochta chun tacú leis an scoláire agus é ag glacadh an tsaoil i ndiaidh na scoile chuige féin, lena n-áitítear a chearta agus a fhreagrachtaí mar shaoránach áitiúil, náisiúnta agus domhanda ar bhealach eiticiúil agus inbhuanaithe. Beidh deiseanna ag an scoláire freisin rochtain a fháil ar OCG trí chúrsa athbhreithnithe OSPS, a fhorbrófar do gach scoláire sa tsraith shinsearach agus a bheidh ionchuimsitheach, iomlánaíoch agus scoláire-láraithe, ag iarraidh freastal ar riachtanais athraitheacha an scoláire.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:

- tabhairt faoi iniúchtaí curaclaim chun tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a sholáthraítear d'fhoghlaim don saol faoi láthair laistigh de chomhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach agus forbairt a dhéanamh ar chomhpháirteanna breise más gá

- treoir eatramhach do theagasc OSPS/OCG na sraithe sinsearaí a fhorbairt

- curaclam athbhreithnithe, comhtháite do OSPS/OCG a fhorbairt, lena n-áirítear treoirlínte an athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach maidir leis an oideachas idirchultúrtha.

## Measúnú, tuairisciú agus aistrithe

Chun an cuspóir agus an fhís don tsraith shinsearach athfhorbartha a bhaint amach, ní mór go mbeadh socruithe maidir le measúnú agus tuairisciú ailínithe go dlúth le forbairtí i réimsí eile. Éileofar forbairt ar shocruithe cuí maidir le measúnú, tuairisciú agus aistriú chun forbairt a dhéanamh ar chonairí foghlama solúbtha do gach scoláire, chomh maith leis na comhpháirteanna den churaclam chun iad seo a éascú.

Bhí na tuairimí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú ar shocruithe reatha maidir le measúnú sa tsraith shinsearach leathan agus éagsúil. Ar lámh amháin, bhí aitheantas ar thacaíocht agus muinín an phobail a bhaineann leis an modh reatha seachtrach maidir le measúnú agus an méid a chuireann sé sin leis an ról a imríonn torthaí na hArdteistiméireachta mar bhunús do chóras na bpointí a shannann áiteanna san ardoideachas do scoláirí. Measadh go raibh an réimse leathan cleachtas maidir le measúnú atá le feiceáil faoi láthair san Idirbhliain, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus Gairmchlár na hArdteistiméireachta ag glacadh go maith le foghlaim an scoláire ar go leor bealaí éagsúla. Measadh gur forbairt dhearfach den chuid is mó í an úsáid mhéadaitheach atá á baint as comhpháirteanna measúnaithe breise in ábhair na hArdteistiméireachta Bunaithe. Ar an lámh eile, mheas go leor rannpháirtithe gur bheag an scóip a chuireann roinnt de na socruithe reatha san Ardteistiméireacht Bhunaithe ar fáil ó thaobh cleachtais mheasúnaithe de, rud a chuireann go díreach le héifeachtaí diúltacha iarmharta sa teagasc agus san fhoghlaim sa tsraith shinsearach, agus a chuireann níos mó agus níos mó le leibhéil dho-ghlactha struis i measc scoláirí agus iad ag druidim lena scrúduithe deiridh ar scoil.

Aithníodh san athbhreithniú freisin an scóip theoranta atá ann maidir le gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú san Ardteistiméireacht Bhunaithe, agus na deacrachtaí a bhaineann le tuairisciú na hArdteistiméireachta Feidhmí a úsáid ar mhaithe le haistriú. Moladh gur cheart go mbeadh aitheantas agus tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire leathan go leor chun tacú le haistrithe agus chun go mbeadh ciall ag baint leo don scoláire le linn na sraithe sinsearaí agus amach anseo freisin.

Agus machnamh á dhéanamh ar an mbealach ar aghaidh, mhol go leor daoine go ndéanfaí fiosrú ar bhealaí éagsúla ina bhféadfaí roinnt de na tionchair dhiúltacha a bhaineann le socruithe reatha measúnaithe agus tuairiscithe a laghdú. Mar shampla, ach:

- an scóip a leathnú maidir le cuir chuige i leith measúnú agus scrúduithe sa tsraith shinsearach athfhorbartha trí thascanna, ceisteanna agus míreanna a chur san áireamh a ligfeadh don scoláire réimse níos leithne foghlama a léiriú
- leathnú breise a dhéanamh ar úsáid comhpháirteanna measúnaithe breise, agus de réir mar is cuí, níos mó ualaithe a chur orthu
- fiosrú a dhéanamh ar sceideal na scrúduithe, go háirithe an gá leis na scrúduithe scríofa uile a reáchtáil laistigh de thréimhse ghearr ag deireadh an séú bliain agus conas freastal ar dheiseanna dara seans maidir le measúnú
- iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don mheasúnú ar líne agus ar úsáid teicneolaíochtaí atá i mbéal forbartha mar chuid den mheasúnú sa tsraith shinsearach, ar aon dul le forbairtí a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhpháirteanna den churaclam
- an fócas ar an measúnú foirmitheach agus ar an gcaoi a dtacaíonn an leanúntas measúnaithe le foghlaim an scoláire a athnuachan
- socruithe tuairiscithe a fhorbairt a chuireann bonn faoi chineálacha agus réimsí níos leithne foghlama a aithint sa tsraith shinsearach, go háirithe i gcomhthéacs conairí foghlama atá nua agus ag teacht chun cinn
- an scóip a mheas don Aitheantas ar Réamhfhoghlaim [5] agus féidearthachtaí ina bhféadfadh sé tacú leis an scoláire agus é ag aistriú chuig an saol, an obair agus/nó breisoideachas agus oiliúint

---

[5] Cuireann an t-aitheantas ar réamhfhoghlaim síos ar phróiseas a úsáidtear chun scileanna agus eolas a fhaightear sa saol lasmuigh den oideachas agus oiliúint fhoirmiúil san fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a mheas ar mhaith le héachtaí saoil a aithint de réir tacar caighdeán áirithe nó torthaí foghlama http://rpl-ireland.ie/about/what-is-rpl/

- athbhreithniú a dhéanamh ar chóras pointí reatha an CAO d'fhonn é a ailíniú leis an réimse forbairtí atá ag teacht chun cinn sa mheasúnú agus sa tuairisciú.

Léiríonn sainaithint bealaí chun an chothromaíocht seo idir caomhnú agus athrú a bhaint amach téama a bhí ann níos luaithe san athbhreithniú, is é sin le rá, teacht ar bhealaí sa tsraith shinsearach chun an bhéim ar leith atá ar scrúduithe na hArdteistiméireachta agus ar thréimhse na scrúduithe i mí an Mheithimh a laghdú. Measadh gur tábhachtach an tuairim a spreagadh go bhféadfaidh agus gur cheart go mbeadh níos mó sa tsraith shinsearach ná scrúduithe nó béim agus stádas iomarcach ar dhul chun cinn i dtreo an ardoideachais amháin. Tá sé seo de réir cháilíocht an ailínithe atá á lorg freisin idir socruithe measúnaithe agus tuairiscithe amach anseo agus an cuspóir agus an fhís d'oideachas na sraithe sinsearaí mar a leagadh amach níos luaithe sa tuarascáil seo.

Tá gníomhartha chun tacú le forbairt socruithe maidir le measúnú, tuairisciú agus aistriú oiriúnach sa tsraith shinsearach ailínithe go dlúth leis an dá chuid roimhe seo sa chaibidil seo. Leagtar amach na gníomhartha seo sna táblaí thíos faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Measúnú
- Gnóthachtáil an scoláire a aithint, a thuairisciú agus a theastasú
- Aistriú

Leagtar forbhreathnú amach i ngach tábla ar thorthaí an athbhreithnithe, chomh maith le fís uileghabhálach don tsraith shinsearach athfhorbartha agus an tsraith gníomhartha a mholtar go ndéanfadh CNCM i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun an fhís seo a bhaint amach.

### Torthaí an athbhreithnithe

Meastar go bhfuil an iomarca béime ar sheachtainí deiridh na sraithe sinsearaí i measúnú na hArdteistiméireachta Bunaithe, rud a mbíonn tionchar diúltach aige ar go leor scoláirí. Nuair a bhíonn comhpháirteanna measúnaithe breise in ábhair, meastar go bhfuil siad seo oiriúnach agus luachmhar agus ba cheart iad a thabhairt isteach i ngach ábhar de réir mar is cuí. I ngach ábhar agus modúl, ba cheart go mbeadh modhanna measúnaithe ailínithe go dlúth leis an bhfoghlaim atá beartaithe agus go dtacóidís leis an scoláire chun réimse iomlán a chuid foghlama a thaispeáint ar bhealach cuí. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun an réimse modhanna agus míreanna measúnaithe atá in úsáid a éagsúlú.

**Sa tsraith shinsearach athfhorbartha**

Dhéanfadh an scoláire réimse leathan measúnuithe a spréifí amach thar dhá nó trí bliana na sraithe sinsearaí de réir mar is cuí. D'fhéadfaí modhanna agus míreanna measúnaithe, chomh maith le hualaithe agus sceideal comhpháirteanna a fhorbairt chun ailíniú níos fearr leis na conairí foghlama solúbtha a bhaint amach laistigh den tsraith shinsearach athfhorbartha. Bheadh sé mar sprioc ag na hathruithe seo ar an measúnú an fócas ar thréimhse na scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh agus an strus ar an scoláire a bhaineann leis an tréimhse seo a laghdú. Bheifí in ann rochtain a fháil ar dheiseanna dara seans le haghaidh measúnú sa tsraith shinsearach leis na hathruithe seo freisin.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- socruithe reatha maidir le measúnú agus scrúduithe a iniúchadh ar fud na sraithe sinsearaí i dtaca leis na modhanna a úsáidtear, a sceideal, agus fáil ar dheiseanna dara seans le haghaidh measúnaithe

- taighde a fhoilsiú ar thionchar athruithe ar ualú agus sceideal comhpháirteanna measúnaithe breise in ábhair na hArdteistiméireachta

- taighde a fhoilsiú ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don teicneolaíocht chun tacú le níos mó éagsúlachta i gcuir chuige i leith measúnú ar fud na sraithe sinsearaí

- comhoibriú a dhéanamh le Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus páirtithe leasmhara ábhartha eile chun comhairle a thabhairt ar athruithe ar mhodhanna, comhpháirteanna agus socruithe measúnaithe, de réir mar is cuí, a thiocfaidh chun cinn ón iniúchadh agus ón taighde a dhéanfar.

## GNÓTHACHTÁIL AN SCOLÁIRE A AITHINT, A THUAIRISCIÚ AGUS A THEASTASÚ

### Torthaí an athbhreithnithe

Measadh go mb'fhéidir gur luachmhar tuairisciú leathan ar ghnóthachtáil an scoláire óir féadfaidh sé léargas níos leithne a thabhairt ar fhoghlaim an scoláire i réimsí éagsúla ar fud na sraithe sinsearaí agus dírítear isteach níos mó air ná gnóthachtáil an scoláire i réimse ar leith ábhar agus modúl. Ba cheart go gcuirfeadh taighde ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach, go háirithe an ghné sin a fhéachann ar shocruithe athruithe maidir le tuairisciú do Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí, bonn eolais faoi fhorbairtí sa tsraith shinsearach amach anseo.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

D'fhéadfaí léargas níos leithne ar fhoghlaim agus gnóthachtáil an scoláire in ábhair agus modúil a aithint, a thaifeadadh agus a thuairisciú. D'fhéadfaí riachtanais a thagann chun cinn ó fhorbairt conairí nua foghlama agus dul chun cinn chuig oideachas agus oiliúint bhreise agus ardoideachas agus saol na hoibre a chur san áireamh sna socruithe maidir le tuairisciú. Cuirfear cáilíochtaí a gheofar ón tsraith shinsearach athfhorbartha san áireamh laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- cuir chuige reatha i leith tuairisciú ar fud na gceithre chlár sa tsraith shinsearach a iniúchadh
- obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara chun scóip agus cineál an tuairiscithe a fhorbairt sa tsraith shinsearach athfhorbartha, ag aithint réimse níos leithne agus níos iomláine gnóthachtála agus taithí sa chomhthéacs seo, de réir mar is cuí
- taighde a fhoilsiú ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don teicneolaíocht chun tacú le teastasú agus tuairisciú ar líne i gcomhthéacs socruithe níos leithne maidir le tuairisciú sa tsraith shinsearach athfhorbartha
- comhoibriú a dhéanamh le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun cuimsiú na sraithe sinsearaí laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí a shocrú.

## AISTRITHE

### Torthaí an athbhreithnithe

Ba cheart go dtacódh an tsraith shinsearach leis an scoláire agus é ag aistriú ón scoil chuig an saol fásta agus réimse deiseanna éagsúla amach anseo. Níor cheart go mbeadh an fócas ar an Ardteistiméireacht Bhunaithe mar an phríomhchonair tríd an tsraith shinsearach ina fhócas aonair. Ba cheart go bhfreastalódh an tsraith shinsearach ar gach scoláire agus gach aistriú ar bhealach níos éifeachtaí, cibé acu an t-ardoideachas, an breisoideachas, an t-oideachas aosach, printíseacht nó saol na hoibre a bheadh ina cheann scríbe foghlama.

### Sa tsraith shinsearach athfhorbartha

Beidh bunchloch láidir ag an scoláire don aistriú chuig réimse deiseanna éagsúla i ndiaidh na scoile, lena n-áirítear breisoideachas agus oiliúint, an t-oideachas aosach, printíseachtaí, an t-ardoideachas agus saol na hoibre. Leanfaidh torthaí measúnuithe, de réir mar is ábhartha agus is cuí, de bheith ina mbunús le haghaidh roghnúcháin don ardoideachas trí chóras pointí an CAO, ach ba cheart an córas sin a athbhreithniú agus a leasú chun athruithe a thugtar isteach sa tsraith shinsearach athfhorbartha a chuimsiú. D'fhéadfaí aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim roimhe seo chun tacú le scoláirí/daoine fásta atá ag filleadh ar an tsraith shinsearach, agus chun foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a aithint d'fhonn tacú le haistrithe i ndiaidh na scoile chuig réimse deiseanna éagsúla.

### Réimsí le haghaidh gníomhaíochta

*Chun go bhféadfar an tsraith shinsearach a athfhorbairt, caithfidh CNCM:*

- comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí agus struchtúir ábhartha chun comhleanúnachas a chinntiú ar fud gach céime den oideachas agus chun tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus aistrithe chuig an saol i ndiaidh na scoile

- tacú le agus a bheith ar son athbhreithniú ar chóras pointí an CAO ó na ranna rialtais agus páirtithe leasmhara ábhartha d'fhonn a chinntiú gur léiriú é ar an tsraith shinsearach athfhorbartha agus go bhfreagraíonn sé uirthi

- comhoibriú a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha chun an scóip a mheas don chaoi ar féidir leis an aitheantas ar réamhfhoghlaim cabhrú le heispéireas na sraithe sinsearaí agus le haistrithe i ndiaidh na scoile agus iad a fheabhsú.

Beidh na réimsí le haghaidh gníomhaíochta atá leagtha amach sa chaibidil seo, a bhíonn idirspleách go minic, ina snáitheanna difriúla oibre a dhéanfar thar trí chéim sna blianta amach romhainn. Beidh trasnaíl idir na céimeanna seo agus cuirfidh siad lena chéile, agus ciallaíonn sé sin go leanfaidh roinnt de na réimsí le haghaidh gníomhaíochta a tosaíodh i gcéim a haon den athfhorbairt ag cur bonn eolais faoin bpróiseas ar fad, cé go mb'fhéidir go gcaithfí réimsí eile le haghaidh gníomhaíochta a oiriúnú nó go gcaithfí iad a chur isteach i bhfianaise torthaí agus cinntí ó chéimeanna níos luaithe.

Tá forbhreathnú níos mionsonraithe de shraith agus de nádúr atriallach na pleanála don obair athfhorbartha seo leagtha amach i gCaibidil 4, agus déanfar fiosrú anois ar na coinníollacha fabhracha chun tacú leis an obair seo i gCaibidil 3.

# Caibidil 3: Coinníollacha fabhracha


Déantar machnamh sa chaibidil seo den tuarascáil, i dtéarmaí cineálacha agus córasacha, ar na coinníollacha is dócha is fabhraí chun obair rathúil a dhéanamh i dtreo fhís agus chuspóir na sraithe sinsearaí athfhorbartha agus chun iad a bhaint amach. Baineann sé leas as an méid a foghlaimíodh i gcaitheamh na mblianta faoi na coinníollacha seo i gcomhthéacs athruithe san oideachas in Éirinn, an méid a foghlaimíodh le blianta beaga anuas agus atá á fhoghlaim i láthair na huaire ó fhorbairtí sa tsraith shóisearach agus an fhoghlaim atá ar bun anois san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach. Sa dara comhthéacs, ba shuntasach freisin an obair ar tugadh fúithi le Foireann Forbartha Oideachais OECD mar chuid den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach[6].

Tugann eispéiris náisiúnta agus idirnáisiúnta le fios, mar a sainaithníodh i dtuarascáil OECD, go bhfuil sé tábhachtach aird ar leith a thabhairt ar choinníollacha fabhracha le haghaidh athrú oideachais. D'fhéadfadh réimse cúinsí comhthéacsúla agus córasacha tionchar a bheith acu ar fhíorú an chuspóra, na físe agus na bprionsabal treorach don tsraith shinsearach athfhorbartha. Cuimsíonn na cúinsí comhthéacsúla agus córasacha seo cúinsí a bhaineann le curaclam agus measúnú; cultúr na scoile agus ceannaireacht; foghlaim ghairmiúil; pleanáil, comhoibriú agus tacaíocht; rannpháirtíocht agus cumarsáid páirtithe leasmhara; agus ionchais agus tionchair a bhaineann leis an tsochaí.

Tá an tábhacht a bhaineann le haird a thabhairt ar choinníollacha fabhracha comhsheasmhach le smaoineamh a pléadh ag seoladh Chéim 2 den athbhreithniú ar an tsraith shinsearach in 2018. Ag an am sin, bhí aitheantas agus léirthuiscint ag daoine ar an mbéim a cuireadh ar obair a dhéanamh i dtreo fís chomhroinnte, tuairim choiteann agus tacaíocht a chruthú d'athruithe a chaithfear a dhéanamh sa tsraith shinsearach, chomh maith le clár aontaithe ar thosaíochtaí agus ar mhéid agus raon na forbartha a bheadh oiriúnach. Tugadh le fios gur dócha go gcaithfí an

[6] An OECD Assessment of the Senior Cycle Review http://www.oecd.org/ireland/education-in-ireland-636bc6c1-en.htm (OECD, 2020)

oiread céanna airde a thabhairt san athbhreithniú, agus na pleananna agus an smaointeoireacht a leanfadh, ar **conas** a dhéantar cúrsaí, conas a chuirtear cúrsaí chun cinn a oiread céanna le **cé hiad** torthaí an athbhreithnithe. Agus an chéim iar-athbhreithnithe den obair ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí bainte amach anois, agus cuspóir, fís agus prionsabail threoracha don tsraith shinsearach athfhorbartha cruthaithe, cuirtear béim bhreise anseo i gcur i láthair na gcoinníollacha fabhracha le haghaidh athruithe ar thábhacht airde comhroinnte ar an *conas* chomh maith leis an *céard* sa chéad chéim eile den athfhorbairt.




*Fíor 6: Coinníollacha fabhracha le haghaidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí*

**Fís agus cuspóir comhroinnte**

Ní féidir an iomarca béime a chur ar an tábhacht a bhaineann le fís agus cuspóir atá comhroinnte agus sothuigthe d'oideachas na sraithe sinsearaí, agus féadfaidh athfhorbairt agus athruithe éabhlóidiú mar fhreagra air sin. Caithfimid uile a bheith ar an eolas faoin bhfís agus faoin gcuspóir a bhfuilimid ag obair ina dtreo chun creideamh a chothú iontu agus chun coinneáil ar aghaidh leis an turas athfhorbartha thar thréimhse ama. Leagtar amach an fhís agus cuspóir, de réir mar a tháinig siad chun cinn ón athbhreithniú, sa chéad chaibidil den tuarascáil seo. Tá ocht bprionsabal mar threoir di a bhfuil sé mar aidhm acu treoir agus tacaíocht bhreise a thabhairt do scoileanna, páirtithe leasmhara agus grúpaí eile atá ag obair ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Tugadh go leor ama agus plé san athbhreithniú d'fhís agus cuspóir comhroinnte d'oideachas na sraithe sinsearaí a chur in iúl, comhairle a thabhairt air agus é a bheachtú. Is coinníoll fabhrach fíorthábhachtach le haghaidh athfhorbairt na sraithe sinsearaí í tacaíocht leanúnach dó seo chomh maith le toilteanas obair a dhéanamh chun an fhís seo a bhaint amach go réalaíoch.

**Taighde, sonraí agus faisnéis**

Is seift thábhachtach don athrú í úsáid leanúnach taighde, sonraí agus faisnéise a sholáthraíonn fianaise le haghaidh cinnteoireachta a bhaineann le forbairtí áirithe atá á meas nó á dtabhairt isteach. Mar a léiríodh sa chéad chaibidil den tuarascáil seo, bhí foirmeacha agus píosaí difriúla taighde mar bhonn faoi go leor den phlé agus de na comhairliúcháin a tharla cheana féin le linn phróiseas an athbhreithnithe. Ar an mbealach céanna, tarraingítear aird i gcaibidlí eile den tuarascáil seo agus i bpleananna i dtaca le hathfhorbairt a leagtar amach iontu, ar an ngá le gníomhaíocht leantach taighde, bailiúchán sonraí agus bailiúchán faisnéise de réir mar a chuirtear réimsí difriúla athfhorbartha chun cinn. Mar shampla, cabhróidh sonraí agus faisnéis le soiléiriú a dhéanamh ar ar cheart a choinneáil ó chláir reatha na sraithe sinsearaí. Beidh taighde ag teastáil ar na himpleachtaí a bhaineann le hualú comhpháirteanna measúnaithe breise a mhéadú in ábhair na hArdteistiméireachta chomh maith le scrúduithe atá tábhachtach don scoláire. Cuirfidh tuarascálacha bliantúla, ó staidéar taighde ilghnéitheach neamhspleách a dhéanann fiosrú ar an tionchar a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach a thabhairt isteach i scoileanna, bonn eolais faoi athfhorbairtí sa tsraith shinsearach ag gach céim den

phróiseas.  Is gné chúntach thábhachtach é an bonn fianaise a thugann an taighde atá fabhrach don athfhorbairt agus don athrú.

**Rannpháirtíocht páirtithe leasmhara**

Is céim amháin ar leanúntas oideachais é oideachas na sraithe sinsearaí, a thosaíonn san oideachas luath-óige agus a leanann ar aghaidh go dtí an bhunscolaíocht, an iar-bhunscolaíocht, an breisoideachas agus an t-ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Tá caidreamh líonmhar idirnascach agus casta idir an chéim seo den oideachas agus institiúidí oideachais eile, saol na hoibre, tionchair agus ionchais sochaí níos leithne, agus riachtanais athraitheacha chohórt scoláirí. Éileoidh an fhís a leagtar amach don tsraith shinsearach sa tuarascáil seo pleanáil agus comhoibriú fadtéarmach le páirtithe leasmhara an oideachais chun córas comhtháite a dheimhniú a aithníonn foghlaim gach scoláire agus a chumasaíonn aistrithe fiúntacha chuig réimse deiseanna éagsúla amach anseo.

Is coinníoll ríthábhachtach bunaidh í rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara atá mar bhonn faoi fhorbairtí rathúla san oideachas ag gach leibhéal. Caithfear na róil agus an méid a fhéadfaidh gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara an oideachais a dhéanamh agus a aontaíonn siad go ndéanfaidh siad, a chur san áireamh sa phleanáil d’athfhorbairt na sraithe sinsearaí. In aon réimse forbartha, ach go háirithe i réimse atá chomh casta leis an tsraith shinsearach, tá sé ríthábhachtach go mbogfaí ar aghaidh ó ról simplí a bheith ag páirtithe leasmhara go dtí rannpháirtíocht iomlán. Díreoidh an cineál rannpháirtíochta is fearr anseo ar rannchuidiú, cúnamh, tacaíocht agus comhoibriú díreach na bpáirtithe leasmhara, ar na róil phraiticiúla a fhéadfaidh páirtithe leasmhara ar leith a imirt a shainaithint agus a chomhaontú sna pleananna don churaclam agus don athrú oideachais atá i gceist.

Ní féidir rath iomlán a bheith ag forbairtí sa tsraith shinsearach mura ndéantar ar bhonn coiteann iad. Réamhchoinníoll maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta atá á lorg anseo is ea cómhuinín i measc páirtithe leasmhara, rud nach féidir a bhaint amach go héasca i gcónaí ach a chaithfear a lorg, tóraíocht a théann lámh ar lámh le smaoineamh na físe agus an chuspóra chomhroinnte d'oideachas na sraithe sinsearaí. Túsphointe dearfach sa chomhthéacs seo is ea

cáil láidir oideachas na hÉireann maidir le ról agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, mar a léiríodh i dtuarascáil OECD ar an athbhreithniú ar an tsraith sinsearach le déanaí (2020). Tarraingíodh aird ar luach agus tábhacht rannpháirtíocht fhiúntach páirtithe leasmhara le linn na paindéime ar fad de réir mar a d'oibrigh páirtithe leasmhara le chéile chun dul i ngleic leis na dúshláin agus an réimse fadhbanna a tháinig chun cinn. Ba cheart go leanfadh sé seo de bheith ina bhunghné den phróiseas ar aghaidh agus an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach ag dul isteach i gcéim athfhorbartha agus Creat don tSraith Shinsearach á fhorbairt céim ar chéim.

**Cumarsáid**

De ghnáth, bíonn comhrá ar cheann de na rudaí is fearr a chuireann le cómhuinín i measc na ndaoine a bhíonn ag obair ar athfhorbairt agus ar athrú. Is ríthábhachtach caint shoiléir agus cumarsáid éifeachtach a ligeann do thuiscintí, teanga agus cuir chuige chomhroinnte agus chomhaontaithe i leith na bhforbairtí atá ar bun, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal na scoile araon. Ba mhór an iarracht a rinneadh le linn phróiseas an athbhreithnithe chun na coinníollacha a chruthú le haghaidh cumarsáid idir scoláirí, múinteoirí, bainistíocht na scoile, tuismitheoirí, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne ar na réimsí a bhí á bplé. Caithfear iarrachtaí atá cosúil leis seo agus iarrachtaí breise a dhéanamh le linn na hathfhorbartha agus an chuir i bhfeidhm. Go háirithe, cuireadh béim láidir san athbhreithniú ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid láidir a fhorbairt idir gníomhaireachtaí oideachais, páirtithe leasmhara agus tuismitheoirí, agus an tábhacht a bhaineann le comhrá poiblí ar athfhorbairt na sraithe sinsearaí a chur chun cinn. Measadh gur choinníoll fabhrach ríthábhachtach é seo chun clár comhroinnte le haghaidh athraithe a bhaint amach.

**Acmhainní a dhaingniú**

Tá an-tábhacht freisin ag baint le daingniú na n-acmhainní atá ag teastáil chun athfhorbairt na sraithe sinsearaí a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm, go háirithe ag céimeanna den phróiseas athfhorbartha agus le linn an chuir i bhfeidhm ina bhféadfadh forbairtí struchtúracha, teicneolaíochta, cláir agus foirne a bheith san áireamh do scoileanna atá éagsúil ó thaobh méid agus comhthéacs de. Cuireadh pleananna i bhfeidhm le haghaidh maoiniú ilbhliantúil

d'fhorbairtí sa tsraith shóisearach le blianta beaga anuas agus beidh cur chuige atá cosúil leis sin sa tsraith shinsearach ina choinníoll fabhrach tábhachtach don athrú atá i gceist.

Réimse eile tacaíochta a chuir rannpháirtithe béim air san athbhreithniú ba ea treoir a thabhairt. Agus an réimse roghanna curaclaim atá ar fáil don scoláire sa tsraith shinsearach ag méadú, méadóidh an gá le seirbhís threorach agus faisnéise atá comhsheasmhach agus struchtúrtha don scoláire agus a thuismitheoirí chun tacaíocht thráthúil a thabhairt ar mhaithe lena bhealach a dhéanamh i gconairí agus comhpháirteanna athfhorbartha den churaclam.

**Tráthúlacht agus luas**

Chuir go leor rannpháirtithe san athbhreithniú béim ar an tábhacht a bhaineann le dlúthbhaint a fháil idir tráthúlacht agus luas athruithe sa tsraith shinsearach agus fírinní maidir le cumas scoileanna agus cumas an chórais mar choinníoll don athfhorbairt. Beidh roinnt ama ag teastáil le haghaidh obair agus próisis forbartha ar an gcuraclam a dtabharfaidh CNCM fúthu in éineacht le páirtithe leasmhara. Beidh roinnt ama ag teastáil le go mbeadh múinteoirí in ann machnamh a dhéanamh ar a dtaithí agus a saineolas agus iad a roinnt lena chéile ionas gur féidir glacadh leis na forbairtí seo go criticiúil, iad a leabú sa smaointeoireacht agus iad a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Cuireadh béim i ngach comhairliúchán de chuid CNCM, agus go deimhin san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, ar an tábhacht a bhaineann le tráthúlacht agus luas cúramach maidir le hathfhorbairtí atá le tabhairt isteach a shoiléiriú agus a aontú. Chomh maith leis sin, pléadh an tábhacht a bhaineann le haird a tharraingt ar na héilimh a chuireann forbairtí leanúnacha sa tsraith shóisearach ar scoileanna faoi láthair. Ar an mbealach céanna, tugadh le fios go gcaithfí cothromaíocht a fháil idir na cúiseanna imní seo agus leas agus riachtanais na scoláirí atá sa chóras faoi láthair.

Cuirfear tréimhse réadúil san áireamh sa phleanáil agus san ullmhúchán do na réimsí éagsúla athfhorbartha. Is féidir roinnt gnéithe den athrú a moladh a bhaint amach sa mheántréimhse gan ach beagán míchaoithiúlachta agus b'fhéidir roinnt leasa fiú do scoileanna, agus déanfar réimsí eile athfhorbartha laistigh de thréimhse níos faide. Caithfear tráthúlacht agus luas a mheas i gcomhthéacs na tuisceana agus an aontaithe chomhroinnte ar na hathruithe atá ar bun, cumas

an chórais, infhaighteacht acmhainní agus ullmhacht scoileanna, agus caithfidh siad a bheith ailínithe go dlúth leis na gnéithe seo. Ar an mbealach seo, is mórchoinníoll fabhrach cúntach iad tráthúlacht agus luas cúramach d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí.

**Tacaíocht agus foghlaim ghairmiúil fheabhsaithe**

Beidh múinteoirí agus bainistíocht scoile i gcroílár athfhorbairt na sraithe sinsearaí, agus mar sin, beidh forbairt tacaíochta gairmiúla agus cumais ina coinníoll fabhrach breise d'aon athrú a bheidh i gceist. Cuimsíonn sé seo ullmhúchán tosaigh múinteoirí, forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a dhéanann múinteoirí, creidimh múinteoirí faoina róil i dtaca le curaclam agus measúnú, ullmhúchán bainisteoirí scoile mar cheannairí, agus cultúr na scoile. Cuimsíonn sé freisin ailíniú cigireachtaí scoile i gcomhthéacs an athraithe san oideachais agus b'fhéidir nádúr na rannpháirtíochta le forbróirí agus foilsitheoirí téacsleabhar agus nádúr na maoirseachta a dhéantar orthu.

Le linn an athbhreithnithe ar an tsraith shinsearach, cuireadh béim ar leith ar a thábhachtaí atá soláthar na foghlama gairmiúla leanúnaí chun tacú le múinteoirí agus ceannairí scoile agus iad ag idirghabháil agus ag baint forbairtí curaclaim amach. Sa chomhthéacs seo, is tábhachtach samhail na FGL agus na cuir chuige ina leith. Agus go leor athruithe san oideachas á dtabhairt isteach in Éirinn le blianta beaga anuas, is mór an méid a foghlaimíodh faoi chineálacha na foghlama gairmiúla a theastaíonn chun bonn láidir agus coinníollacha maithe a sholáthar d'fhorbairtí san fhoghlaim, sa teagasc agus i scoileanna. Chun an éifeachtacht is fearr a bhaint amach, ba cheart don FGL:

- a bheith tráthúil agus cuí
- a bheith pleanáilte agus curtha ar fáil ar bhonn leanúnach agus leis na hacmhainní cearta ar fáil ina leith
- a bheith scoil-bhunaithe nó líonra-bhunaithe den chuid is mó le deiseanna le haghaidh comhoibrithe

- díriú isteach ar neartú acmhainní foriomlána ag an am céanna is a chuirtear tacaíocht ar fáil d'athrú sonrach sa churaclam
- ailíniú maith a sholáthar le treo foriomlán na forbartha/an athraithe
- cur le tábhacht phróisis chomhoiriúnaithe agus cur i bhfeidhm creata agus curaclam ar bhonn áitiúil.

Tá foghlaim ghairmiúil leanúnach dá leithéid seo fabhrach chun riachtanais leanúnacha a chomhlíonadh ag leibhéil aonair, scoile agus chórais, agus cuireann sí le leibhéil ghairmiúlaithe a mhéadú go ginearálta.

**Ailíniú beartas agus comhleanúnachas**

Is coinníoll fabhrach tábhachtach don fhorbairt freisin é an t-ailíniú beartas i réimsí nasctha agus ábhartha, chomh maith leis an comhleanúnachas a fhéadfaidh a bheith ann dá bharr. Méadaítear go mór na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun athrú a thabhairt isteach nuair atá beartais i réimsí bainteacha cosúil le réimsí na foghlama agus na forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus ceannairí scoile, nó ábhar clár oideachais thosaigh do mhúinteoirí, ailínithe go dlúth le forbairtí sa churaclam atá pleanáilte. Léirigh an t-athbhreithniú ar an tsraith shinsearach an gá leis an leibhéal seo comhleanúnachais beartas agus comhleanúnachais córais trí phleanáil, stiúradh agus cur i bhfeidhm na sraithe sinsearaí athfhorbartha. Ba cheart forbairtí comhreathacha in earnáil an oideachais, amhail Straitéis SOLAS um Bhreisoideachas agus Oiliúint 2020-24 agus Ráiteas Straitéise 2021 - 2023 na RBATNE a mheas agus iarracht á déanamh comhleanúnachas beartas a bhaint amach ar fud réimsí bainteacha.

Níl na coinníollacha is dóichí a bheith fabhrach d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí atá leagtha amach thuas neamhspleách ar a chéile ná eisiach ar choinníollacha eile. Is iomaí bealach a mbíonn nasc idir úsáid leantach taighde, sonraí agus faisnéise; fócas láidir ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, cumarsáid éifeachtach; acmhainní a dhaingniú; tráthúlacht agus luas tomhaiste; soláthar tacaíochta agus foghlama gairmiúla feabhsaithe; agus ailíniú beartas

comhlántach. Le himeacht aimsire, is féidir comhthionchar a bheith acu seo ar an bhfís agus ar an gcuspóir comhroinnte don tsraith shinsearach athfhorbartha a bhaint amach.

Cuireann an cuspóir, an fhís agus na prionsabail threoracha a pléadh i gCaibidil 1 bonn láidir faoi athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Tugtar sonraí i gCaibidil 2 ar réimsí oibre chun conairí solúbtha agus comhpháirteanna den churaclam a fhorbairt agus socruithe maidir le measúnú, tuairisciú agus aistriú a fheabhsú, ach sa chaibidil seo, déantar plé ar choinníollacha fabhracha a thacóidh le hathfhorbairt na sraithe sinsearaí. Má foghlaimíodh rud amháin le tamall beag anuas, is é sin go bhforbraíonn agus go n-athraíonn pleananna de réir mar a éilíonn coinníollacha. Leagtar amach sa cheathrú caibidil mar sin na céimeanna agus an tréimhse a mheastar d'athfhorbairt na sraithe sinsearaí agus don fhorbairt incriminteach ar Chreat don tSraith Shinsearach.

# Caibidil 4: An tSraith Shinsearach a Athfhorbairt


Leagtar amach plean sa chaibidil deiridh seo chun an tsraith shinsearach a athfhorbairt i dtrí chéim. Féachfaidh an athfhorbairt seo le heispéiris oideachais glúnta scoláirí sa tsraith shinsearach amach anseo a fheabhsú, ag lorg cothromaíochta idir caomhnú agus athrú ionas go mbeidh gach scoláire in ann foghlaim agus gnóthachtáil fhiúntach a dhéanamh sa tsraith shinsearach athfhorbartha. Is í bunchloch na hathfhorbartha seo an cuspóir, an fhís agus na prionsabail threoracha chomhroinnte a tháinig chun cinn ón athbhreithniú ar an tsraith shinsearach, mar a leagadh amach i gCaibidil 1.

Agus aird á tabhairt air seo, tá sé tráthúil cuspóir na sraithe sinsearaí athfhorbartha a athdhearbhú; leanúint le hoideachas a chur ar an duine ina iomláine, cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhre, níos rannpháirtí agus níos inniúla, freastal ar chuspóirí aonair chomh maith le cuspóirí coiteanna agus cabhrú leis an scoláire rochtain a fháil ar agus glacadh le deiseanna éagsúla amach anseo, an tsochaí shaoránaigh agus an saol fásta. Tá sé mar aidhm ag athfhorbairt na sraithe sinsearaí an cuspóir seo a bhaint amach do gach scoláire, ag cur le agus ag leanúint le spiorad an chomhoibrithe agus an chomhrá oscailte ar fud eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus scoileanna líonmhara, rud a bhí ina ghné shuntasach san athbhreithniú ar an tsraith shinsearach (2016–2020).

Tugann paindéim Covid-19 deiseanna dúinn machnamh domhain a dhéanamh ar ról an oideachais, ar a chuspóir inár saol, inár dteaghlaigh, inár bpobail agus sa tsochaí níos leithne. Neartaigh na dúshláin mhóra a chuir an phaindéim os ár gcomhair an comhaontú ar an ngá le hathruithe ar oideachas na sraithe sinsearaí a tháinig chun cinn ón athbhreithniú. Chuir sé lenár bhfeasacht ar éagothromas maidir le rochtain, rannpháirtíocht agus gnóthachtáil san oideachas, rud a léiríonn a thábhachtaí atá athfhorbairt na sraithe sinsearaí mar a mholtar sa tuarascáil chomhairleach seo. Gan amhras ar bith, tógfaidh sé roinnt ama tionchar agus impleachtaí iomlána Covid-19 don tsochaí go forleathan agus don oideachas go sonrach a chur in iúl, a phlé agus a thuiscint. Sa chomhthéacs seo, meastar go ndéanfar monatóireacht agus plé ar gach a bhfuil le foghlaim ón ngéarchéim seo agus más cuí, é a thabhairt isteach in athfhorbairt na sraithe sinsearaí. Táthar ag tabhairt faoi staidéar taighde ilghnéitheach neamhspleách faoi láthair ag

fiosrú thionchar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach i scoileanna agus cuirfidh tuarascálacha bliantúla ón taighde seo bonn eolais faoi athfhorbairtí sa tsraith shinsearach ag gach céim den phróiseas.

Mar a luadh ag deireadh Chaibidil 2, beidh na réimsí le haghaidh gníomhaíochta a pléadh faoi na trí cheannteideal Conairí agus Solúbthacht, Comhpháirteanna den Churaclam agus Measúnú, agus Tuairisciú agus Aistrithe, ina snáitheanna oibre a dhéanfar thar trí chéim sna blianta amach romhainn. Cé go gcuirtear i láthair iad mar shraith athfhorbartha, tá na céimeanna seo idirspleách; bíonn trasnaíl eatarthu agus cuireann siad lena chéile. Mar sin, leanfaidh roinnt de na réimsí le haghaidh gníomhaíochta a tosaíodh i gcéim a haon den athfhorbairt de bhonn eolais a chur faoin bpróiseas ar fad, cé go bhféadfadh sé go gcaithfí réimsí eile le haghaidh gníomhaíochta a oiriúnú nó a chur san áireamh i bhfianaise torthaí ó chéimeanna níos luaithe, mar a léirítear i bhFíor 7.




*Fíor 7: Athfhorbairt incriminteach na sraithe sinsearaí*

Beidh rannpháirtíocht leanúnach in éineacht le cumarsáid shoiléir ríthábhachtach. De réir mar a chuirfear an athfhorbairt chun cinn, d'fhéadfadh sé go léireoidh torthaí agus cinntí a thiocfaidh chun cinn réimsí breise oibre a bheidh ag teastáil. Caithfidh na heagraíochtaí ábhartha páirtithe

leasmhara monatóireacht, plé agus pleanáil a dhéanamh ar choinníollacha fabhracha le haghaidh athruithe, mar a leagadh amach i gCaibidil 3, ionas go bhféadfar ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh athruithe i gcomhar le hobair athfhorbartha agus ionas go bhféadfar leanúint le tacaíocht a thabhairt dó nuair a bheidh an tsraith shinsearach athfhorbartha i bhfeidhm, agus ina dhiaidh sin freisin.

### CÉIM A HAON DEN ATHFHORBAIRT:

Cuirfidh céim thosaigh athfhorbairt na sraithe sinsearaí le torthaí an athbhreithnithe agus leis an gcuspóir, an fhís agus na prionsabail threoracha a pléadh i gcaibidil 1, chun na socruithe curaclaim agus measúnaithe is oiriúnaí don tsraith shinsearach athfhorbartha a shainaithint. Is iniúchadh curaclaim a bheidh sa chéad snáithe oibre seo ar chomhpháirteanna den churaclam agus ar nósanna imeachta maidir le measúnú agus tuairisciú laistigh de chláir reatha na sraithe sinsearaí, agus is iad torthaí an athbhreithnithe a chuirfidh bonn eolais faoi.

Cuirfidh an t-iniúchadh bonn eolais faoi chuid mhór den obair sa chéim seo agus i gcéimeanna ina dhiaidh seo. Mar shampla, sainaithneoidh sé na himpleachtaí a bhaineann le himfhálú chlár na AF a bhaint agus cabhróidh sé leis na gnéithe is éifeachtaí de na cláir reatha, lena n-áirítear an IB, a d'fhéadfaí a thabhairt isteach i gconairí na sraithe sinsearaí athfhorbartha a shainaithint, rud a ndearnadh fiosrú níos mine air i gcéim a dó.

Cuimseoidh an dara gné den obair seo taighde, an scóip a mheas agus plé. Cuimseoidh sé seo taighde breise ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta, fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir leo cur le céimeanna níos luaithe den oideachas agus ar féidir iad a leabú laistigh de churaclam na sraithe sinsearaí. Tabharfar aird ar leith ar nádúr sonraíochtaí an churaclaim agus na hábhair thacaíochta riachtanacha a shainaithint. Déanfar fiosrú ar an bhfoghlaim ar líne, ar an bhfoghlaim chumaisc agus ar an bhfoghlaim lasmuigh den scoil. Cuirfear tús le taighde ar chomhpháirteanna measúnuithe breise, ualú agus sceideal measúnuithe in éineacht le fiosrú ar shocruithe tuairiscithe. Measfar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann don teicneolaíocht chun tacú le measúnú agus teastasú freisin.

Cuirfear roinnt réimsí oibre a sainaithníodh san athbhreithniú chun cinn mar chuid de Phlean Oibre CNCM 2021. Cuimsíonn siad seo an t-athbhreithniú ar Threoirlínte Idirchultúrtha; foilsiú

sonraíochta athbhreithnithe OSPS; baint aicmí gairmábhar GCAT mar réamhriachtanas do rochtain ar mhodúil GCAT; fiosrú ar chonairí solúbtha le páirtithe leasmhara ábhartha, SOLAS ina measc; agus forbairt conairí don scoláire a leanann Cláir Foghlama Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó sa tsraith shóisearach.

Meastar go bhfoilseoidh CNCM, trí chomhoibriú, na nithe seo a leanas ag deireadh na céime seo:

- Páipéar seasaimh ar churaclam agus measúnú, a chuimseoidh:
    - achoimre ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta atá lárnach do chomhpháirteanna den churaclam, nádúr sonraíochtaí curaclaim, cur síos ar chomhpháirteanna solúbtha breise agus/nó nua den churaclam agus sceideal d'athfhorbairt ábhar agus comhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach.
    - achoimre ar nádúr foirmitheach agus suimitheach measúnaithe, lena n-áirítear machnamh ar ualú, sceideal, comhpháirteanna agus modhanna measúnaithe agus tuairiscithe atá oiriúnach do gach gné den tsraith shinsearach.

Cuirfidh torthaí na céime seo den obair athfhorbartha, agus torthaí chéim a dó, tuilleadh le forbairt Creata don tSraith Shinsearach.

## CÉIM A DÓ DEN ATHFHORBAIRT:

Agus í ag cur le hobair chéim a haon, déanfar fiosrú agus forbairt bhreise sa dara céim seo den athfhorbairt ar na conairí atá ar fáil don scoláire sa tsraith shinsearach.

Agus obair á déanamh le páirtithe leasmhara ar fhiosrú a dhéanamh ar chonairí solúbtha, is dócha gurb iad na príomhghníomhaíochtaí a bheidh san áireamh, ach gan a bheith teoranta dóibh, ná breathnú ar chonairí ón scoil go dtí an Breisoideachas agus Oiliúint, modúil bhlaiste printíseachtaí a fhorbairt agus modúil a d'fhéadfadh a bheith ina gcuid chomhtháite de chláir sa tsraith shinsearach athfhorbartha i scoileanna agus sa Bhreisoideachas agus Oiliúint a shainaithint agus a fhorbairt.

Cuirfidh an chéim seo na torthaí ó chéim a haon chun cinn ar na himpleachtaí a bhaineann le himfhálú chláir na sraithe sinsearaí a bhaint; conairí a chur i bhfeidhm don scoláire a leanann

Cláir Foghlama Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó sa tsraith shóisearach; agus ráiteas athbhreithnithe ar Chlár na IB a fhoilsiú.

Meastar go gcuirfear deireadh leis an gcéim seo, trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara, le foilsiú na nithe seo a leanas:

- Páipéar seasaimh ar chonairí atá ar fáil don scoláire sa tsraith shinsearach a chuimseoidh:
  - achoimre ar na conairí solúbtha atá ar fáil don scoláire, lena n-áirítear faisnéis faoin gcaoi ar féidir na comhpháirteanna éagsúla den churaclam a chur le chéile agus a thabhairt isteach sa tsraith shinsearach athfhorbartha
  - na himpleachtaí a bhaineann le conairí nua agus solúbtha do scoileanna agus do shocruithe aistrithe.

## CÉIM A TRÍ DEN ATHFHORBAIRT:

Cuirfidh an tríú céim den athfhorbairt leis na céimeanna roimhe agus rachaidh sí i dtreo Creat don tSraith Shinsearach a fhoilsiú. Beidh fócas na hoibre seo dírithe ar chomhleanúnachas sa churaclam agus socruithe maidir le measúnú, teastasú, aistriú agus tuairisciú a fhorbairt. Beidh comhoibriú leantach le CSS, CAO, QQI, RO, RBATNE, HEA, SOLAS agus páirtithe leasmhara ábhartha eile lárnach don chéim seo ar chúrsaí a bhaineann le teastasú, tuairisciú agus aistrithe.

Cuimseoidh an rannpháirtíocht chomhoibríoch le páirtithe leasmhara obair dhlúth a dhéanamh le scoileanna agus suíomhanna oideachais eile, na coinníollacha fabhracha a fhéadfaidh tacú leis an gcur i bhfeidhm a mheas agus a phleanáil, agus tacú leis na pleananna forbartha chun creat don tsraith shinsearach a thabhairt isteach. Déanfaidh an creat seo achoimre ar an tsraith shinsearach athfhorbartha a fhéadfaidh an cuspóir, an fhís agus na prionsabail threoracha don chéim seo den oideachas ar cuireadh síos orthu i gCaibidil 1 a bhaint amach.

## Conclúid

Is bunchloch láidir le haghaidh tógála í sraith shinsearach athfhorbartha atá bunaithe ar chuspóir agus fís chomhroinnte, le prionsabail shoiléire mar threoir aici, taighde mar bhonn eolais fúithi, atá múnlaithe ag scoileanna agus páirtithe leasmhara agus atá freagrúil do riachtanais ár ndaoine óga. Cosúil le gach aon phróiseas athraithe, beidh sé ríthábhachtach na bealaí ar fad inar féidir tacú leis an athfhorbairt seo a shainaithint agus a fhiosrú, go comhsheasmhach agus le cuspóir coiteann i gcuimhne i gcónaí. Caithfear an obair athfhorbartha agus an dul chun cinn laistigh de na snáitheanna oibre atá leagtha amach ar fud na gcéimeanna a chur in iúl go soiléir le linn an phróisis ar fad.

Is iomaí dúshlán a bhaineann le paraiméadair shocruithe ama a leagan amach de bharr mhéid, raon agus thábhacht na oibre seo. Mar sin féin, meastar go dtógfaidh sé idir 12 agus 18 mí gach céim a chur i gcrích, le trasnáil áirithe idir chéimeanna.

Faoi dheireadh, ba cheart go mbeadh an meas mór atá ann ar mhúinteoirí agus ar scoileanna, meas ar a dtábhacht dár ndaoine óga agus ar an tionchar a bhíonn acu orthu le linn chéim na sraithe sinsearaí dá gcuid oideachais, ina chúis spreagtha don obair atá amach romhainn agus go gcuirfeadh sé bonn eolais fúithi, de réir mar a thugann cuid mhór de pháirtithe leasmhara an oideachais faoi athfhorbairt oideachas na sraithe sinsearaí le chéile.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment